2023/2605

23.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2605 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Samhain 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/926 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad ('an bun-Rialachán frithdhumpála'), agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. **Na bearta atá i bhfeidhm**

(1) Trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/388 ([2]) ('an Rialachán bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad ([3]) ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh an dleacht frithdhumpála mar thoradh air, tabharfar 'an t-imscrúdú frithdhumpála bunaidh' anseo feasta air.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/387 ón gCoimisiún ([4]), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí den táirge céanna de thionscnamh na hIndia. An t-imscrúdú ar forchuireadh an dleacht frithchúitimh mar thoradh air, tabharfar 'an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais bunaidh' anseo feasta air.

(3) Le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2022/926 ón gCoimisiún ([5]) agus (AE) 2022/927 ([6]), choinnigh an Coimisiún, tar éis athbhreithniú éaga, an dleacht frithdhumpála chinntitheach agus an dleacht frithchúitimh chinntitheach ar feadh 5 bliana eile.

(4) Sa rialachán bunaidh, cinneadh gurb é 4,1 % an corrlach dumpála a suíodh le haghaidh Electrosteel Castings Ltd ('ECL' nó 'an t-iarratasóir' nó 'an chuideachta'). San imscrúdú frith-fhóirdheontais bunaidh ar leithligh a bhaineann leis an táirge céanna ón tír chéanna lena mbaineann, bhí an dleacht frithchúitimh arna suí le haghaidh ECL cothrom le 9 %, a raibh 6,04 % den chéatadán sin bunaithe ar fhóirdheontais theagmhasacha onnmhairiúcháin.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/388 ón gCoimisiún an 17 Márta 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróidí freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad (IO L 73, 18.3.2016, lch. 53).

([3]) Leasaíodh an rialachán bunaidh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1369 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2016 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/388 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad (IO L 217, 12.8.2016, lch. 4).

([4]) Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/387 ón gCoimisiún an 17 Márta 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin), ar de thionscnamh na hIndia iad (IO L 73, 18.3.2016, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/926 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 161, 16.6.2022, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/927 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 161, 16.6.2022, lch. 28).

(5) I gcomhréir leis 'an bun-Rialachán frithdhumpála' agus Rialachán (AE) 2016/1037 ón gCoimisiún ([7]) ('an bun-Rialachán frith-fhóirdheontais'), chuir an Coimisiún san áireamh go raibh trí cinn de na scéimeanna fóirdheontais a ndearnadh imscrúdú orthu ina bhfóirdheontais onnmhairiúcháin lenar laghdaíodh praghsanna onnmhairiúcháin go hiarbhír agus lenar méadaíodh an corrlach dumpála dá réir sin.

(6) Dá bhrí sin, laghdaigh an Coimisiún an corrlach dumpála leis na méideanna fóirdheontais a fuarthas i ndáil leis na scéimeanna teagmhasacha onnmhairiúcháin san imscrúdú frith-fhóirdheontais bunaidh. Ar bhonn an mhodha sin, laghdaíodh an dleacht frithdhumpála chinntitheach don iarratasóir go 0 %.

1.2. **Iarraidh ar pháirt-athbhreithniú eatramhach**

(7) An 22 Meán Fómhair 2022, d'fhógair an Coimisiún, trí fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, gur tionscnaíodh páirt-athbhreithniú eatramhach ('fógra tionscnaimh') ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann sféaróideach teilgthe freisin), de thionscnamh na hIndia, de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála ([8]).

(8) Tionscnaíodh an t-athbhreithniú, a bhí teoranta ó thaobh raon feidhme de don scrúdú ar dhumpáil an táirgeora onnmhairiúcháin ECL, tar éis iarraidh ón iarratasóir. Iarradh é ar an bhfhoras cumaisc a cuireadh i gcrích idir an t-iarratasóir agus a chuideachta chomhlachaithe Srikalahasthi Pipes Ltd ('SPL'), arna chinneadh ag an mBord Stiúrthóirí i mí Dheireadh Fómhair 2020.

(9) Mar thoradh ar an gcumasc idir ECL agus SPL, is dócha nach raibh gá a thuilleadh leis an mbeart frithdhumpála atá ann cheana nó nach raibh sé leordhóthanach a thuilleadh chun gníomhú i gcoinne na dumpála is cúis le díobháil de réir bhrí Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála. Tharla sé sin toisc nach raibh díolacháin intíre SPL san áireamh sa chorrlach dumpála a ríomhadh san imscrúdú frithdhumpála bunaidh. Thairis sin, beartaíodh i ndoiciméadacht dhlíthiúil an chumaisc 'sineirgí' a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar struchtúr costais an iarratasóra, agus ar chorrlach dumpála an iarratasóra dá bharr.

(10) Mheas an Coimisiún go raibh dóthain fianaise san iarraidh go bhfuil athrú tagtha ar na himthosca ar ar a mbonn sin a forchuireadh na bearta atá ann cheana agus go raibh na hathruithe sin marthanach.

1.3. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe**

(11) An t-imscrúdú ar an leibhéal dumpála, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe' nó 'RIP').

1.4. **Páirtithe leasmhara, ceistneoir, agus cuairt fíorúcháin**

(12) Chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, údaráis na tíre is onnmhaireoir, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta eile agus tionscal an Aontais ar an eolas go hoifigiúil faoin bpáirt-athbhreithniú eatramhach. Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh laistigh den teorainn ama a leagtar amach san fhógra tionscnaimh. Thug táirgeoir de chuid an Aontais, Saint-Gobain PAM Canalisations ('SG PAM'), barúlacha tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú (féach Roinn1.8).

(13) Chun an fhaisnéis is gá dá imscrúdú a fháil, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir a thug freagra laistigh den sprioc-am a tugadh. Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheas sé a bheith riachtanach chun an leibhéal dumpála a chinneadh. De bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán frithdhumpála, thug an Coimisiún cuairt fíorúcháin ar áitribh an iarratasóra. Bhí físchomhdhálacha ag an gCoimisiún freisin leis na cuideachtaí comhlachaithe chun an fhaisnéis a chuir siad isteach a fhíorú.

([7]) Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontais ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

([8]) IO C 363, 22.9.2022, lch. 9.

1.5. **Úsáid 'fíoras atá ar fáil'**

(14) I litir dar dáta an 10 Iúil 2023 ('litir Airteagal 18'), chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoina amhras maidir le hiontaofacht shonraí na cuideachta. Sa litir, thug sé sonraí faoin gcúis ar mheas sé gur sholáthair ECL faisnéis bhréagach nó mhíthreorach. Chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas freisin go bhféadfadh sé Airteagal 18 den bhun-Rialachán frithdhumpála a chur i bhfeidhm agus chuir sé an t-iarratasóir ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bhaineann leis sin.

(15) Le litreacha an 24 Iúil 2023, chuir Rialtas na hIndia ('GOI'), ECL agus SG PAM barúlacha ar fáil maidir le litir Airteagal 18, agus maidir leis an nochtadh.

(16) Fuair an Coimisiún barúlacha freisin ó dháileoirí Eorpacha phíopaí insínte ar mhargadh an Aontais arna dtáirgeadh ag ECL — cuideachtaí Valdro, Fusion Pipeline Products Limited ('Fusion Pipelines Products'), CO.ME.CAR SRL, Deschacht, Idrovit SRL, Vodoskok d.d., agus WAPPtech Ltd.

(17) Arna iarraidh sin do ECL, reáchtáladh éisteacht an 26 Iúil 2023.

1.6. **Nochtadh**

(18) An 24 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas faoi na fíorais bhunriachtanacha agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe aige a mholadh an dleachtráta is infheidhme maidir le ECL a leasú. Tugadh an deis do na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt faoin 6 Meán Fómhair 2023, agus éisteacht a iarraidh ar an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí tráchtála.

(19) Fuair an Coimisiún barúlacha ina leith sin ó GOI, SG PAM, ECL, agus ó na cuideachtaí Eorpacha Deschacht, IBECO AB, VAPPtech Environmental Ltd ('VAPPtech') agus Vodoskok.

(20) An 4 Meán Fómhair 2023, arna iarraidh sin do GOI, bhí éisteacht idir GOI agus seirbhísí an Choimisiúin. Arna iarraidh sin do ECL, reáchtáladh éisteacht idir ECL agus seirbhísí de chuid an Choimisiúin an 6 Meán Fómhair 2023. Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara go léir.

(21) An 3 Deireadh Fómhair 2023, rinne an Coimisiún a thorthaí maidir le húsáid na bhfíoras atá ar fáil a nochtadh an athuair (Roinn 3.6 thíos) agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt. Tugadh an deis do na páirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt faoin 6 Deireadh Fómhair 2023. Fuarthas barúlacha ó GOI, ECL agus SG PAM. Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara go léir.

(22) An 16 Deireadh Fómhair, rinne an Coimisiún a thorthaí maidir leis an ngnáthluach a nochtadh an athuair agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt. Tugadh an deis do na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoin 17 Deireadh Fómhair 2023. Fuarthas barúlacha ó GOI, ECL agus SG ECL. Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara go léir.

1.7. **An iarraidh ar athbhreithniú a tharraingt siar**

(23) I litir dar dáta an 28 Lúnasa 2023, chuir ECL an Coimisiún ar an eolas gur mhian leis a iarraidh ar an athbhreithniú eatramhach páirteach a tharraingt siar. D'athdhearbhaigh ECL na hargóintí, a cuireadh ar fáil ina bharúlacha faoin doiciméad maidir le nochtadh ginearálta, gur cheart deireadh a chur leis an imscrúdú.

(24) Rinne ECL tagairt do thorthaí an Choimisiúin ina dhoiciméad nochta maidir le húsáid 'fíorais atá ar fáil'. Mheas sí gur chuir sé fianaise shuntasach ar fáil chun a chur ina luí ar an gCoimisiún maidir le cruinneas a chuid sonraí, agus go háirithe maidir le meáchan miotail gach píopa le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus nach bhféadfadh sé tuilleadh fianaise a chur ar fáil toisc gur díoladh na píopaí cheana féin. D'áitigh ECL freisin gur cuireadh an modh chun na sonraí a thaifeadadh (ar an meáchan miotail) i bhfeidhm ina thaifid chuntasaíochta ar fad agus i gcóras SAP na cuideachta ([9]). Gheall sé go nglacfaí céimeanna cuí amach anseo chun meáchan miotail gach píopa a tháirgtear a sheiceáil agus a thaifeadadh go cuí. Dá bhrí sin, mheas ECL nach raibh údar leis an athbhreithniú agus gur cheart deireadh a chur leis.

([9]) An córas cuntasaíochta arna úsáid ag an iarratasóir.

(25) Agus tagairt á déanamh aige do chonclúidí a shonraítear i Roinn 3.2 thíos maidir leis an gcúis ar mheas sé go ndearnadh míthuairisciú ar na sonraí, thug an Coimisiún dá aire gealltanais ECL meáchan na bpíopaí a thaifeadadh amach anseo. Mheas sí, áfach, nach bhféadfadh gealltanas den sórt sin údar a thabhairt le deireadh a chur leis an athbhreithniú reatha, ós rud é nach raibh aon tionchar aige ar na torthaí reatha a bhain le tréimhse san am a chuaigh thart.

(26) D'áitigh ECL freisin, dá bhforchuirfeadh an Coimisiún an dleacht iarmharach 12,9 % mar a luaitear sa doiciméad ginearálta maidir le nochtadh, a bheadh sa bhreis ar an dleacht frithchúitimh 9 % is infheidhme maidir leis an gcuideachta cheana féin, nach mbeadh ECL in ann leanúint den táirge lena mbaineann a dhíol ar mhargadh an Aontais agus go mbeadh air a fhochuideachtaí/oifigí a dhúnadh sa Fhrainc, sa Spáinn, san Iodáil agus sa Ghearmáin. Mar thoradh air sin, chaillfeadh thart ar 60 duine atá fostaithe go díreach ag ECL a bpoist.

(27) Rinne ECL tagairt freisin d'aighneachtaí ó dháileoirí neamhspleácha éagsúla ón Iodáil, ón bhFrainc, ón mBeilg, ó Éirinn agus ón gCróit ag áitiú go raibh fadhb thromchúiseach iomaíochta ann ar mhargadh an Aontais. Mhaígh sé, mura mbeadh ECL in ann soláthar do na cuideachtaí sin, go mbeadh orthu — i bhformhór na gcásanna — a gcuid gnólachtaí a dhúnadh, rud a d'fhágfadh go gcaillfí na mílte post go díreach agus go hindíreach sna Ballstáit ar fud an Aontais. Mheas ECL go mbeadh an caillteanas eacnamaíoch sna Ballstáit éagsúla níos suntasaí dá bhrí sin. Thairis sin, dar leis, ní neartódh imeacht ECL ó mhargadh an Aontais ach seasamh gar-mhonaplach SG PAM ar an margadh sin lena ndéanfaí dochar do leas leathan an Aontais.

1.7.1. *Tuairimí ó dháileoirí*

(28) D'iarr cuideachtaí CO.ME.CAR S.r.l., Deschacht, Vodoskok d.d. agus WAPPtech ar an gCoimisiún deireadh a chur leis an athbhreithniú. Leag na cuideachtaí béim ar an tábhacht a bhaineann le ECL a bheith ar mhargadh an Aontais, agus thagair siad do staid ghar-mhonaplach SG PAM agus don iompar frithiomaíoch, mar a thug siad air.

(29) Luaigh na cuideachtaí sin go léir freisin, dá bhfágfadh ECL margadh an Aontais, go mbeadh tionchar suntasach eacnamaíoch aige ar a n-oibríochtaí agus ar mhargadh na bpíopaí insínte san Aontas. Luaigh Deschacht, mar shampla, go laghdódh sé go mór an tairiscint píopaí insínte sa Bheilg, rud a dhéanfadh dochar do thionscal na bpíopaí insínte. Luaigh WAPPtech gur tháinig cuid shuntasach dá láimhdeachas bliantúil ó dhíolacháin píopaí insínte ó ECL san Eoraip, ag áirithiú chobhsaíocht eacnamaíoch na cuideachta. Luaigh Vodoskok freisin, dar leis, go mbeadh impleachtaí suntasacha eacnamaíocha ann de bharr fhorchur na mbeart atá beartaithe, rud a dhéanfadh difear don slabhra soláthair agus a bheadh ina chúis le cailliúint post.

1.7.2. *Tuairimí ó SG PAM*

(30) Chuir SG PAM in iúl go raibh sé i gcoinne deireadh a chur leis an imscrúdú ar bhonn na hiarrata ar athbhreithniú na tarraingthe siar a rinne ECL. Dar leis, ní bheadh an foirceannadh chun leasa an Aontais, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe ar allmhairí ECL ar phraghas íseal ar mhargadh an Aontais. Rinne sé tagairt do chonclúidí an Choimisiúin maidir leis an díobháil do thionscal an Aontais sa chás bunaidh agus san athbhreithniú deiridh maidir le dul in éag.

(31) Mheabhraigh SG PAM freisin gur osclaíodh an t-athbhreithniú arna iarraidh do ECL agus go raibh sé teoranta don athmheasúnú ar a chorrlach dumpála, agus dá bhrí sin, nár lig sé don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar leas an Aontais.

(32) Thairis sin, chosain SG PAM nár moladh le haon eilimint go mbeadh ar ECL margadh an Aontais a fhágáil dá dtiocfadh méadú ar a leibhéal dleachtanna. Mheabhraigh sí nach raibh sé d'aidhm ag bearta frithdhumpála allmhairí a chosc ach a áirithiú go raibh allmhairí ar phraghas cothrom. Mheas sí nár tugadh tacaíocht do líomhaintí maidir le hiompar frithiomaíoch SG PAM agus nach raibh sé mar aidhm acu ach damáiste a dhéanamh dá chlú. Ina theannta sin, bhí foinsí malartacha soláthair ann ina thuairim, amhail díolacháin táirgeoirí Eorpacha eile Duktus-VONROLL agus TRM, agus trí allmhairí ón Tuirc, ó UAE, ón tSín agus ón Iaráin, agus ón gcuideachta Indiach Jindal.

(33) D'áitigh SG PAM freisin gurbh 'il-ábhar' an margadh do phíopaí insínte toisc go bhféadfaí cineálacha eile píopaí a bhí oiriúnach a chur in ionad píopaí insínte. Thagair sé do chonclúidí ó údaráis náisiúnta agus ón gCoimisiún faoi chuimsiú anailíse éagsúla a bhaineann leis an iomaíocht ar an margadh seo. Chuir SG PAM in iúl freisin go raibh sciar margaidh ECL tábhachtach i roinnt de na Ballstáit, agus, de réir mar a mhaígh sé féin, go raibh sciar 30 % den mhargadh ag ECL sa Fhrainc agus sciar 50 % den mhargadh sa Spáinn. Dá bhrí sin, bhí cumhacht shuntasach sa mhargadh ag ECL, dar leis.

(34) Thagair SG PAM do na haighneachtaí ó na dáileoirí éagsúla. Mheas sé go raibh sciar ghníomhaíochtaí gnó na ndáileoirí ar leibhéal íseal, sin é gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme na bpíopaí insínte le haghaidh iompar uisce, idir 3-10 % ar an meán gan dul thar 20 %. Dá bhrí sin, dar leis, fiú mura bhféadfadh na dáileoirí sin ábhar a fhoinsiú ó ECL, ní bheadh tionchar tubaisteach aige sin orthu. Chomh maith leis sin, fuair SG PAM amach nach raibh aon léiriú ann go raibh a gcás ionadaíoch don mhargadh le haghaidh píopaí insínte.

(35) Thairis sin, d'áitigh SG PAM tar éis an nochta nach raibh tionchar, dar leis, ag aon ghealltanais don todhchaí ó ECL ar thorthaí an imscrúdaithe reatha, agus go rachadh foirceannadh an imscrúdaithe i gcoinne phrionsabal an dea-riaracháin, ós rud é gur mhair sé thar thréimhse bliana agus gur áiríodh fíorúcháin ar an láthair agus cianfhíorúcháin ann. Mheas sí freisin nárbh fhéidir deireadh a chur leis an t-imscrúdú i bhfianaise thorthaí an Choimisiúin maidir le faisnéis bhréagach agus mhíthreorach arna soláthar ag ECL.

1.7.3. *Measúnú ar an iarraidh ar tharraingt siar ón gCoimisiún*

(36) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire go n-úsáideann foclaíocht Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála, a bhaineann leis an ngearán a tharraingt siar, an briathar 'féadfaidh' agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún an t-imeacht a fhoirceannadh, ach nach bhfuil an deis aige ach é sin a dhéanamh, mura mbeadh foirceannadh den sórt sin chun leasa an Aontais. Is é sin le rá, ceanglaítear ar an gCoimisiún ach amháin scrúdú a dhéanamh lena fháil amach nach bhfuil foirceannadh chun leasa an Aontais má mheasann sé foirceannadh den sórt sin ann. Sa chás sin, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil cúiseanna ann chun deireadh a chur leis an imscrúdú.

(37) Go deimhin, mheabhraigh an Coimisiún gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú ar an mbonn gur cumascadh ECL lena chuideachta chomhlachaithe. Is éard a bhí sa chumasc, mar a shonraítear i Roinn 3.1 thíos, athrú ar imthosca marthanacha, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála, lenar ceanglaíodh an corrlach dumpála arna shuí san imscrúdú bunaidh a athríomh.

(38) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún, i bhfianaise an ghá atá ann deireadh a chur le héifeachtaí saofa trádála agus iomaíocht éifeachtach a athbhunú, gur gá corrlach dumpála iomchuí a bhunú, go háirithe sa chás sin inar cuireadh faisnéis mhíthreorach ar fáil.

(39) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh foirceannadh an athbhreithnithe agus, dá bhrí sin, neamhaird a thabhairt ar thorthaí an imscrúdaithe sin, iomchuí sa chás seo agus chinn sé leanúint leis an imscrúdú.

1.8. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(40) Tar éis an tionscnaimh, mar gheall ar chleachtais éagóracha ECL agus ar a leibhéal méadaithe dumpála, chuir táirgeoir PAM an Aontais in iúl go raibh tionchar diúltach aige sin air le deich mbliana anuas.

(41) D'áitigh SG PAM freisin nach raibh aon fhaisnéis san iarraidh a thacaíonn leis an laghdú líomhnaithe ar dhumpáil nó ar an nasc idir an cumasc agus an éagsúlacht ar an leibhéal dumpála. D'áitigh sé gur tugadh cuntas ar an gcaidreamh idir ECL agus SPL cheana féin san imscrúdú bunaidh agus gur úsáideadh figiúirí an dá chuideachta chun corrlach dumpála ECL a chinneadh. Mheas sé freisin gur dóichí go dtiocfadh méadú ar an gcorrlach dumpála de thoradh an athbhreithnithe.

(42) Mar fhreagra air sin, d'áitigh ECL nach raibh fíorais ag tacú le hargóintí SG PAM. Dar leis, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag SG PAM ón imscrúdú bunaidh, agus tháinig laghdú ar mhéid iomlán díolachán ECL ar mhargadh an Aontais. D'áitigh ECL freisin, an tráth céanna, gur mhéadaigh a phraghsanna díolacháin os cionn leibhéal na mbeart a forchuireadh ar a onnmhairí chuig an Aontas. Ina thuairim, chruthaigh na torthaí airgeadais, infheistíochtaí nua, agus cruthaíodh mar gheall ar leibhéal méadaithe na ndíolachán go raibh ag éirí thar barr le SG PAM.

(43) Thairis sin, thug ECL le fios gur cuireadh deireadh le hathbhreithniú eatramhach roimhe sin i gcoinne ECL arna iarraidh sin do SG PAM tar éis do SG PAM an iarraidh a tharraingt siar. Chiallaigh sé sin, de réir ECL, go raibh SG PAM den tuairim go raibh laghdú tagtha ar dhumpáil ECL. Dar le ECL, bhain SG PAM tairbhe as bearta frithdhumpála agus frithchúitimh a bhí i bhfad ró-ard os coinne tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia a rinne an táirge faoi athbhreithniú. D'áitigh ECL freisin nach raibh an cinneadh chun an t-athbhreithniú eatramhach reatha a thionscnamh bunaithe ar a mheasúnú féin ach ar mheasúnú an Choimisiúin go ndearna an cumasc difear do struchtúr costais na cuideachta.

(44) I gcomhthéacs na maíomh sin, thug an Coimisiún dá aire gurb é cuspóir an athbhreithnithe leibhéal nua dumpála ECL a chinneadh i bhfianaise na n-imthosca athraithe. Shoiléirigh sé freisin nár úsáideadh sonraí SPL na cuideachta comhlachaithe sna ríomhanna dumpála bunaidh. Thairis sin, níorbh iad sonraí SPL arna n-úsáid san imscrúdú frithdhumpála bunaidh amháin a bhí le meas agus tús á chur leis an athbhreithniú. Dar leis an gCoimisiún, breithníodh freisin gurbh é an toradh a bhí ar an gcumasc sineirgí a mhaolaigh costais áirithe a raibh éifeacht acu ar oibriú agus ar chostais na cuideachta. Dá bhrí sin, bhí údar maith leis an athbhreithniú agus diúltaíodh don mhaíomh.

(45) D'áitigh SG PAM freisin nár chomhlíon an iarraidh na caighdeáin maidir le caitheamh le faisnéis neamhrúnda, agus nár chuir an t-iarratasóir achoimrí neamhrúnda ar fáil go mionsonraithe le go bhféadfaí tuiscint réasúnta a fháil ar shubstaint na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún, chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 19 den bhun-Rialachán frithdhumpála a chomhlíonadh.

(46) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an iarraidh ar fad neamhrúnda. Thairis sin, thug sé faoi deara nár shonraigh SG PAM go nithiúil cén fhaisnéis sa chomhad oscailte a bhí ar iarraidh ina thuairim. Dhiúltaigh sé mar sin don mhaíomh sin.

(47) Chuir SG PAM in iúl freisin gur cheart don Choimisiún síneadh a chur leis an tréimhse imscrúdúcháin chun an t-athrú líomhnaithe ar imthosca a chur san áireamh. Tháinig cumasc ECL lena chuideachta chomhlachaithe SPL i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022. Mar sin féin, bhí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a roghnaigh an Coimisiún le bheith i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022, chun ailíniú le bliain tuairiscithe airgeadais thraidisiúnta na hIndia. De réir SG PAM, chiallaigh sé sin gur chumhdaigh trí cheathrú de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (Aibreán 2021 go Nollaig 2021) tréimhse roimh an athrú líomhnaithe ar imthosca agus ní bheadh sonraí na dtrí ráithe roimhe sin ionadaíoch in aon chás d'aon athrú a d'eascair as an gcumasc.

(48) Maidir leis an maíomh ar mhí-oiriúnacht thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, shoiléirigh an Coimisiún gur suíodh go hoibríochtúil, ó thaobh riaracháin agus ó thaobh na cuntasaíochta de, gur tháinig an cumasc i bhfeidhm go cúlghabhálach ([10]) ón 1 Deireadh Fómhair 2020. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar éifeacht an chumaisc le linn thréimhse imscrúdúcháin iomlán an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(49) De réir SG PAM, ba cheart don Choimisiún na difríochtaí idir na saintréithe idir na píopaí agus na feadáin a dhíoltar san India agus san Aontas a fhíorú freisin. Baineann na difríochtaí seo go príomha, ina thuairim, le ranguithe brú agus tiúis, meáchan, faid, agus bratú. Ina theannta sin, thug SG PAM le fios gur dhíol ECL píopaí a bhí níos troime agus go bhféadfadh úsáid dhifriúil a bheith ag na píopaí céanna san India ná mar a bhí san Aontas. Thug sé sampla de phíopa rangaithe 'K9 ([11])' a úsáidtear, dar leo, go coitianta san India le haghaidh uisce, agus san Aontas, úsáideadh píopaí rangaithe 'K7' chun na críche céanna. I dtuairim SG PAM, féadfaidh na difríochtaí sin údar a thabhairt le coigeartuithe chun comparáid chothrom a dhéanamh idir táirgí a dhíoltar ar mhargadh intíre na hIndia agus ar mhargadh an Aontais. D'easaontaigh ECL agus sholáthair sé mionsonraí maidir le saintréithe teicniúla a tháirgí agus na difríochtaí líomhnaithe.

(50) Is é cleachtas an Choimisiúin corrlach dumpála a ríomh trí ghnáthluach cineáil táirge a chur i gcomparáid le praghas onnmhairiúcháin de chineál táirge comhchosúil. Dá bhrí sin, cuireadh na difríochtaí a léirigh SG PAM san áireamh toisc gur measadh gur cineálacha éagsúla táirgí iad na haicmí brú éagsúla. Mheas an Coimisiún gur tugadh aghaidh go hiomlán ar ábhair imní SG PAM.

([10]) Féach nóta 61 ar leathanach 271 de thuarascáil bhliantúil ECL maidir leis an mbliain airgeadais 2020/2021.

([11]) Léiríonn 'K' rangú brú atá bunaithe ar chaighdeáin intíre na hIndia is infheidhme maidir leis an táirge faoi athbhreithniú agus, dá airde an líon, dá airde an brú is féidir leis a sheasamh.

(51) D'áitigh SG PAM freisin gur chruthaigh eagraíocht nua an ghrúpa chorparáidigh ECL deiseanna suntasacha le haghaidh traschúitimh, díolacháin inmheánacha ag luachanna neamh-mhargaidh, seirbhísí neamhthuairiscithe agus/nó míreanna eile a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh don mheasúnú ar chostais agus do chomparáid idir díolacháin intíre agus an Aontais de chuid na cuideachta. Dá bhrí sin, is é a thuairim gur cheart don Choimisiún aird a thabhairt agus measúnú á dhéanamh aige ar idirbhearta idir na heintitis ghaolmhara. Chuige sin, sholáthair SG PAM tuairisc achomair ar struchtúr corparáideach Ghrúpa ECL, chomh maith le tosca ar cheart don Choimisiún iad a mheas, dar leis, sa ríomh dumpála. Thagair SG PAM do sholáthar cóc arna tháirgeadh ag ceann de mhonarchana ECL in Haldia, agus d'allmhairí guail ón Astráil nuair a d'fhéadfadh roinnt páirtithe comhlachaithe in ECL a bheith bainteach leis. Bhí an rud céanna bailí de réir SG PAM maidir le margadh an Aontais, áit a ndíolann ECL trí roinnt páirtithe comhlachaithe. Thagair SG PAM do lascainí a luaitear i dtuarascálacha bliantúla dhá cheann de na páirtithe comhlachaithe, Electrosteel Trading S.A. agus Electrosteel Europe S.A., bónais deireadh bliana, díolacháin ag 'luachanna nialais', agus cleachtais mhargaidh eile. Léirigh SG PAM freisin idirbhearta féideartha a luaitear i gcuntais bhliantúla eintitis ECL idir ECL agus Electrosteel Algeria SPA, Electrosteel Castings Gulf FZE (UAE), Electrosteel Bahrain Holding WLL (Bairéin), agus Electrosteel Doha for Trading LLC (Catar), gur cheart don Choimisiún féachaint ar rannpháirtíocht fhéideartha na n-eintiteas sin i ndíolacháin an táirge lena mbaineann ar mhargadh an Aontais a fhíorú.

(52) Bhreithnigh an Coimisiún na heilimintí sin ina mheasúnú, rinne sé athbhreithniú ar struchtúr an ghrúpa chorparáidigh agus ar eagrú na bpáirtithe comhlachaithe a mhéid a bhí an comhlachas ábhartha chun corrlach dumpála nua a chinneadh le haghaidh ECL. Chuige sin, mheas sé gur díoladh an táirge faoi athbhreithniú ar mhargadh an Aontais trí pháirtithe comhlachaithe.

(53) D'áitigh SG PAM, ós rud é go ndearnadh an margadh le haghaidh amhiarainn a shaobhadh san India agus gur suíodh an saobhadh sin sa rialachán bunaidh lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin san India, ba cheart don Choimisiún na costais a choigeartú agus an gnáthluach á ríomh bunaithe ar Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán frithdhumpála.

(54) Rinne tionscal an Aontais an maíomh céanna san imscrúdú bunaidh. Mheas an Coimisiún san am go ndearnadh imscrúdú ar an saobhadh agus gur tugadh aghaidh air san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar leithligh agus nach raibh aon ghá aghaidh a thabhairt ar an saobhadh sin a thuilleadh, ós rud é gurbh é a bheadh ann áireamh dúbailte ar éifeachtaí an fhóirdheontais. Chloígh an Coimisiún leis an tuairim sin.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(55) Is é an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo feadáin agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ('píopaí insínte'), cé is moite d'fheadáin agus píopaí d'iarann teilgthe insínte nach bhfuil bratú inmheánach ná seachtrach orthu ('píopaí loma') ('an táirge faoi athbhreithniú').

2.2. **An Táirge atá i gceist**

(56) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na hIndia, táirge atá faoi chóid CN ex 7303 00 10 agus ex 7303 00 90 (cóid TARIC 7303 00 10 10, 7303 00 90 10) faoi láthair. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid CN agus TARIC gan dochar d'aon athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an aicmiú de réir taraife ina dhiaidh sin.

2.3. **Táirge comhchosúil**

(57) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú eatramhach sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na hIndia; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(58) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán frithdhumpála.

3. TORTHAÍ

(59) I gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála, scrúdaigh an Coimisiún an bhfuil athrú tagtha ar na himthosca ar ar a mbonn a suíodh an corrlach dumpála reatha agus an raibh an t-athrú sin de chineál marthanach.

3.1. **Athrú suntasach buan ar imthosca**

(60) Deimhníodh san imscrúdú, de bhun Scéim Cónasctha SPL le ECL a bheith formheasta ag na húdaráis ábhartha san India an 31 Nollaig 2021, gur cumascadh SPL go hoifigiúil le ECL. Chomhchuimsigh ECL SPL agus, dá bhrí sin, bhí an dá chuideachta ag feidhmiú mar eintiteas amháin ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh. Ar an dáta sin, scoir SPL de bheith ann. Cumascadh agus leithdháileadh scaireanna ECL agus SPL an 20 Eanáir 2022 agus cuireadh an próiseas leithroinnte i gcrích in Aibreán 2022. Mar sin féin, tharla an cumasc go cúlghabhálach ón 1 Deireadh Fómhair 2020 mar a mhínítear san aithris (48).

(61) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála, gur athraíodh an bonn ar ar forchuireadh na bearta a bhí ann cheana agus go raibh údar leis an athbhreithniú ar an gcorrlach dumpála don iarratasóir mar gheall ar na hathruithe sin.

(62) Tar éis an nochta, d'áitigh ECL nach ndearna an Coimisiún measúnú ar na sineirgí ón gcumasc, agus, dá bhrí sin, gur cheart deireadh a chur leis an imscrúdú.

(63) Níor aontaigh an Coimisiún leis an toimhde sin ós rud é, mar a luaitear i Roinn 1.7 agus mar a nochtadh do na páirtithe leasmhara, gur chinn sé go raibh sineirgí mar thoradh ar an gcumasc a mhaolaigh costais áirithe a raibh tionchar acu ar oibriú agus ar chostais na cuideachta. Dearbhaíodh an chonclúid maidir leis an ngá atá leis an athbhreithniú eatramhach páirteach arís in aithris (113) den doiciméad maidir le nochtadh ginearálta an 24 Lúnasa 2023.

(64) Tar éis an nochta, d'admhaigh GOI argóintí ECL agus thug sé an chosaint nach raibh gá leis an athbhreithniú eatramhach. Cé gur aontaigh GOI gur chleachtas comhsheasmhach é de chuid an Choimisiúin athbhreithniú eatramhach páirteach a dhéanamh i gcás cumasc, mheas sé go raibh cás ECL éagsúil toisc gur chuid den imscrúdú bunaidh ECL agus SPL araon, agus toisc gur rogha a rinne an Coimisiún an cinneadh gan sonraí SPL a úsáid san imscrúdú frithdhumpála bunaidh. Dá bhrí sin, dar leis, ní raibh aon ghá iad a ath-imscrúdú. Ina theannta sin, ba é a thuairim gurbh é an Coimisiún a d'iarr go hoifigiúil ar ECL an iarraidh ar athbhreithniú eatramhach a thíolacadh.

(65) Chun costais an eintitis chumaiscthe a shuí, bhí sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún, murar diúltaíodh do shonraí ECL, costais chomhdhlúite na n-eintiteas cumaiscthe, agus costais chomhdhlúite ghinearálta, riaracháin agus díola a úsáid.

(66) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún dá mbeadh an iarraidh taiscthe ag an ECL ar a thionscnamh féin, nó dá mba rud é gur chuir an Coimisiún comhairle air, nach raibh sé ábhartha, ós rud é gur shuigh an Coimisiún, bunaithe ar Airteagal 11(3), gurbh é a bhí sa chumasc 'imthosca athraithe de chineál marthanach' ar ina leith ba ghá corrlach dumpála nua a shuí (féach Roinn 3.1). Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh dá bhrí sin.

(67) D'áitigh GOI freisin gur tíolacadh iarraidh eatramhach ar athbhreithniú maidir le bearta frithchúitimh agus frithdhumpála araon, agus go raibh sé éagórach nach ndearna an Coimisiún ach an t-athbhreithniú frithdhumpála, toisc nach raibh scéimeanna fóirdheontais áirithe i bhfeidhm a thuilleadh.

(68) Mheabhraigh an Coimisiún nár thaisc ECL ach iarraidh ar athbhreithniú ar na bearta frithdhumpála. Dá bhrí sin, ní raibh údar leis an maíomh sin.

3.2. **Comhoibriú agus úsáid 'na bhfíricí atá ar fáil'**

(69) San imscrúdú bunaidh, suíodh corrlach dumpála ECL (agus táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha eile) ar bhonn ghlanmheáchan miotail an táirge lena mbaineann. Ciallaíonn sé seo gur suíodh é ar mheáchan an phíopa gan líneáil stroighne ('CML') agus ní ar a mheáchan iomlán. Dá réir sin, níor bhunaigh ECL a fhreagra ar an gceistneoir frithdhumpála ach amháin ar ghlanmheáchan miotail.

3.2.1. *Tábhacht an ghlanmheáchain miotail a tuairiscíodh le haghaidh an chorrlaigh dumpála*

(70) Is é an táirge faoi athbhreithniú píopa cruach le ciseal stroighne istigh chun cosc a chur ar an bpíopa ó chreimeadh. Ina theannta sin, tá ag an bpíopa cruach ar an taobh amuigh sraith chosanta an-tanaí de chúpla milliméadar, ar a dtugtar an 'bratú' go coitianta. Sainmhínítear meáchan píopa ina bhfuil líneáil stroighne mar mheáchan líneála stroighne ('an CML').

(71) Tá bratú difriúil ([12]) ag na táirgí a dhíoltar ar mhargadh intíre na hIndia i gcomparáid leis na táirgí a onnmhairítear chuig an Aontas. Is é an toradh atá air sin nach ndéantar cineálacha táirgí a mheaitseáil chun críche ríomh an chorrlaigh dumpála. In ainneoin nach bhfuil aon éifeacht shuntasach ag an mbratú ar an gcostas táirgthe ná ar an bpraghas, mar gheall ar an easpa meaitseála, níor mhór an gnáthluach a ríomh bunaithe ar na costais táirgthe. Chun an gnáthluach a ríomh, i gcás gach cineáil táirge, níor mhór meáchan iomlán an phíopa áirithe a díoladh leis an Aontas a iolrú faoi mheánchostas monaraíochta an chineáil táirge sin in aghaidh an chileagraim.

(72) Cuimsíonn meáchan iomlán píopa meáchan an mhiotail, na stroighne agus an bhrataithe. I gcás fhormhór na gcineálacha a onnmhairítear chuig an Aontas agus de réir na gcaighdeán ainmniúil (teoiriciúil) ([13]), is é meánmheáchan an mhiotail laistigh den phíopa thart ar 85 %, cé gurb é atá sa mheáchan stroighne 15 % ar an meán de mheáchan iomlán an phíopa ([14]). Tá meáchan an bhrataithe idir 0,3–1 % de mheáchan iomlán an phíopa. Léiríonn an miotal an cion is mó den chostas, dá bhrí sin sainmhíníonn a chostas praghas díolacháin an phíopa deiridh.

(73) Ní úsáidtear ach cuid an mhiotail den phíopa le hiolrú faoin meánchostas déantúsaíochta. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag meáchan an mhiotail agus a chion laistigh de mheáchan an phíopa ar ríomh an ghnáthluacha, agus dá bhrí sin, bíonn tionchar díreach aige ar an gcorrlach dumpála. Mar thoradh ar mheáchan an mhiotail a thearcthuairisciú, bíonn gnáthluach comhdhéanta níos ísle ann agus, dá bhrí sin, bíonn corrlach dumpála níos ísle ann ([15]). Ar an gcaoi chéanna, mar thoradh ar thearcthuairisciú ar mheáchan an mhiotail le haghaidh na ndíolachán chuig an Aontas, bíonn meánphraghas onnmhairiúcháin níos airde ann ([16]). Dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach ag cruinneas mheáchan an mhiotail a thuairiscítear maidir leis an gcorrlach dumpála a chinneadh. I bhfocail eile, is gá cruinneas mheáchan an mhiotail a thuairiscítear chun corrlach dumpála cruinn a ríomh. Thairis sin, déanann sé difear do chruinneas an ghnáthluacha a suíodh agus an phraghais onnmhairiúcháin a suíodh araon.

3.2.2. *Meáchan miotail arna thuairisciú ag ECL san imscrúdú reatha*

(74) De réir na faisnéise a chuir ECL ar fáil le linn an fhíoraithe ar an láthair, níor meádh píopaí a tháirg an chuideachta go córasach ina n-aonar. Ina áit sin meádh coimeádán iomlán nó trucail a bhí luchtaithe go hiomlán leis na píopaí ar dhroichead meáchain sular fhág siad áitreabh ECL. Bhí roinnt píopaí de thrastomhais éagsúla sa choimeádán/trucail seo leis an CML agus leis an mbrat¥ agus d'fhéadfadh táirgí eile amhail gaiscéid, bealaí, feistis, nó eile a bheith san áireamh ann, agus bhí píosaí adhmaid nó ábhar pacála eile san áireamh freisin. D'áitigh ECL gur taifeadadh glanmheáchan miotail na bpíopaí a táirgeadh sa chóras cuntasaíochta bunaithe ar phíopa sampláilte de gach cineál táirge a mheá ó gach ordú. De réir ECL, taifeadadh meáchan miotail na bpíopaí sampláilte i gcóras cuntasaíochta na cuideachta (SAP) ansin agus rinneadh é a choigeartú go leanúnach de réir thorthaí gach toraidh tástála samplála. D'áitigh ECL gur léirigh na sonraí sin, a tuairiscíodh ina fhreagra ar an gceistneoir agus a úsáideadh ansin chun críche ríomh na dumpála, meáchan miotail iarbhír na bpíopaí.

([12]) Braitheann an cineál brataithe ar an gcreimneacht ithreach. Is iad cóimhiotal since miotalach nó cóimhiotal since-alúmanaim miotalach na cineálacha is coitianta. I dtiús an bhrataithe ar mhargadh intíre na hIndia bhí éagsúlacht idir 130 agus 200 gram/m^2, ach i gcás onnmhairí chuig an Aontas, bhí éagsúlacht ann idir 200 go 400 gram/m^2.

([13]) Is meáchan teoiriciúil caighdeánach píopa é an meáchan ainmniúil, a ríomhtar bunaithe ar a thoisí agus a sciar den stroighin agus den mhiotal.

([14]) Ag brath ar thrastomhas an phíopa, athraíonn cion na cruach ionchorpraithe idir 80–90 % de mheáchan iomlán an phíopa cé go n-athraíonn an cion stroighne idir 10–20 % de mheáchan iomlán an phíopa.

([15]) Mar shampla, nuair a ríomhtar an meánchostas bunaithe ar a chion miotail, aistríonn difríocht de sciar 10 % den ábhar miotail laistigh de phíopa díolta difríocht i 12,5 % den ghnáthluach.

([16]) Smaoinigh, mar shampla, ar phíopa a dhíoltar ar luach EUR 100. Úsáidtear meánphraghsanna onnmhairiúcháin éagsúla ag brath ar an gcainníocht ábhair mhiotail a úsáideann tú mar ainmneoir. Má roinntear an luach EUR 100 ar 50 kg, faightear EUR 2/kg. Más é 60 kg an cion miotail, is é EUR 1,81/kg an meánphraghas onnmhairiúcháin.

(75) Chun cruinneas an ghlanmheáchain miotail a rinne ECL a iontráil in SAP a fhíorú, d'iarr an Coimisiún ar an gcuideachta faisnéis bhreise a sholáthar maidir le 'ollmheáchan' (iomlán) na bpíopaí (lena n-áirítear an CML agus bratú), agus sonraí táirgthe agus díolacháin arna sloinneadh i méadair.

(76) Is é meáchan na bpíopaí lena n-áirítear an CML agus an bratú an t-ollmheáchan, ar a dtugtar meáchan 'Kanta' le haghaidh díolacháin intíre. Choinnigh an chuideachta taifid ar ollmheáchan trucail nó coimeádáin luchtaithe ar an droichead meáchain, lena n-áirítear pacáistíocht. Tríd an bhfaisnéis bhreise sin a iarraidh, d'fhéach an Coimisiún le cruinneas ghlanmheáchain an mhiotail a thuairiscigh an chuideachta a chros-seiceáil.

(77) Tar éis comparáid a dhéanamh idir an fhaisnéis bhreise a chuir ECL isteach, chinn an Coimisiún go raibh neamhréireachtaí ann idir ollmheáchan an táirge atá faoi imscrúdú a díoladh ar an margadh onnmhairiúcháin i gcomparáid leis an táirge atá faoi imscrúdú a díoladh ar an margadh intíre. An difríocht lena mbaineann go háirithe meáchan an CML i dtáirgí a dhíoltar ar an margadh intíre i gcomparáid lena mheáchan sna táirgí a dhíoltar ar mhargadh an Aontais.

(78) Trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a chuir ECL ar fáil ar bhonn fhad na bpíopaí (méadair), rinne an Coimisiún, in éagmais ([17]) mheáchan an CML ar an margadh intíre, comparáid idir meánmheáchan Kanta in aghaidh an mhéadair de phíopaí a dhíoltar ar an margadh intíre agus meáchan CML na bpíopaí a díoladh lena n-onnmhairiú. Fuarthas amach go raibh ollmheáchan na bpíopaí in aghaidh an mhéadair a tuairiscíodh níos mó ná [5–15 %] níos airde ar an meán i gcás díolacháin easpórtála, i gcomparáid le díolacháin intíre ([18]). Ós rud é go raibh pacáistíocht san áireamh sna sonraí a thuairiscítear ar an margadh intíre cé nár áiríodh an phacáistíocht sa mheáchan a thuairiscítear le haghaidh díolacháin leis an Aontas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh an difríocht iarbhír níos airde fós.

(79) Chun a bheith chomh cruinn agus is féidir, rinne an Coimisiún an chomparáid le cineálacha táirgí a dhíoltar ar mhargadh intíre na hIndia agus ar mhargadh an Aontais, nach mór, a chúngú. Agus comparáid á déanamh idir cineálacha beagnach comhionann táirgí ([19]) (nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach an bratú seachtrach), thug an Coimisiún faoi deara go raibh glanmheáchan an mhiotail a tuairiscíodh comhionann agus go raibh meáchan an mheáchain CML i bhfad níos airde i gcónaí i gcás na ndíolachán onnmhairiúcháin. Chinn an Coimisiún go raibh meáchan (ollmheáchan) iomlán píopa [5–15 %] níos airde ar an meán nuair a onnmhairíodh é. I gcás roinnt cineálacha táirgí, bhí an difríocht chomh hard le [5–15 %]. Chiallaigh sé seo go raibh an meáchan píopa in aghaidh an mhéadair [10–20 %] ar an meán níos airde nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú i gcomparáid leis an bpíopa beagnach comhionann a dhíoltar sa tír féin. Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh na neamhréireachtaí sin ag dul in aon treo amháin i gcónaí – ag déanamh meáchan an táirge onnmhairithe a mheas faoina luach. Bhí sé d'éifeacht ag an ngannmheastachán sin, mar a mhínítear in aithris (72), corrlach dumpála ECL a ísliú.

(80) I bhfianaise an mhéid thuas, mheas an Coimisiún go raibh na neamhréireachtaí sin ina bhfianaise ar mhíthuairisciú ar fhaisnéis faoi mheáchan a bhaineann le díolacháin. Mar a tugadh faoi deara thuas in aithris (40), tá sé ríthábhachtach faisnéis faoi mheáchan a thuairisciú i gceart chun corrlach dumpála cruinn a bhaint amach. Go sonrach, d'fhéadfadh laghdú ar an bhfíorchorrlach dumpála a bheith mar thoradh ar mhíthuairisciú faisnéise faoi mheáchan. I bhfianaise an méid sin, an 29 Meitheamh 2023, d'iarr an Coimisiún ar ECL mínithe a thabhairt ar na neamhréireachtaí sin.

(81) Thug ECL freagra go raibh tionchar ar an gcomparáid idir onnmhairí agus díolacháin intíre ag difríochtaí i meascán táirgí díolacháin ar an dá mhargadh, agus gur noirm éagsúla iad ba chúis leis na difríochtaí a fuarthas le haghaidh píopaí suas le 300 mm ar trastomhas maidir le tiús an CML is infheidhme san Aontas agus i margaí intíre na hIndia. Ina theannta sin, dar leis an iarratasóir, bhí roinnt difríochtaí ann mar gheall ar chineálacha éagsúla brataithe a úsáidtear ar an margadh intíre agus onnmhairiúcháin, agus difríochtaí i bpacáistiú le haghaidh iompair.

(82) Mheas an Coimisiún, cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag meascán éagsúil táirgí ar roinnt difríochtaí go deimhin, nach bhféadfaí méid na ndifríochtaí a fuarthas agus comparáid á déanamh idir cineálacha beagnach comhionann táirgí ([20]) a mhíniú go leordhóthanach leis na cúiseanna a thug ECL.

([17]) Is é ECL a sholáthair an meáchan CML do dhíolacháin intíre tar éis don Choimisiún anailís a dhéanamh ar na difríochtaí meáchain.
([18]) Sloinntear an difríocht céatadáin ar an gcion de ghlanmheáchan an mhiotail.
([19]) Agus é ag tagairt do chineálacha táirgí atá beagnach comhionann, ciallaíonn an Coimisiún píopa den trastomhas seachtrach/inmheánach céanna agus a tháirgtear de réir an ghnáis chéanna. Ba é an bratú an t-aon difríocht maidir leis sin.
([20]) Ach amháin i gcás brataithe, bhí na píopaí comhionann.

(83) Ina theannta sin, le linn na cuairte fíorúcháin ar an láthair, shuigh an Coimisiún gurbh ionann tiús an CML le haghaidh an mhargaidh intíre agus an mhargaidh easpórtála i gcás na bpíopaí a bhfuil an trastomhas céanna acu. Chomh maith leis sin, d'úsáid córas códaithe táirgeachta ECL féin cóid chomhionanna táirgí don mhargadh intíre agus do mhargadh an Aontais araon. Ina theannta sin, úsáideadh na línte táirgthe céanna agus an modh táirgthe céanna. Dá mbeadh tiús stroighne difriúil ag píopaí lena n-onnmhairiú, bheadh cód táirge difriúil ann do na táirgí sin, rud nach raibh amhlaidh.

(84) Thairis sin, ní bhaineann argóint ECL le haghaidh tiús stroighne ar mhargadh na hIndia agus ar mhargadh an Aontais ach le píopaí suas le trastomhas 300 mm. Fuair an Coimisiún, áfach, go raibh neamhréireachtaí ann do phíopaí a bhfuil trastomhas níos mó ná 300 mm acu, arb ionann a gceanglais maidir le tiús an CML sna noirm don dá mhargadh. Ríomh an Coimisiún, bunaithe ar ghlanmheáchan miotail mar a thuairiscigh ECL, go mbeadh gá le CML i gcás cineálacha áirithe táirgí a mhéadú faoi dhó i gcás an mhargaidh onnmhairiúcháin i gcomparáid leis an margadh intíre.

(85) Mar a dhearbhaigh ECL ina aighneacht féin, bhí tionchar beag ag an gcineál (difriúil) brataithe don mhargadh onnmhairiúcháin ar mheáchan iomlán an phíopa, inarb é atá thart ar [0–3 %] den mheáchan iomlán. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh difríocht sa bhratú a bheith ina cúis leis an difríocht meáchain ar ar a tháinig méadú go [10–20 %] nach mór. Maidir leis an bpacáistíocht iompair, fuair an Coimisiún faisnéis ar an láthair, ag deimhniú go n-áirítear ar an ollmheáchan a thuairiscítear le haghaidh díolacháin intíre an phacáistíocht agus táirgí eile (bealaí agus gaiscéid). Mar sin féin, fiú dá ndéanfaí pacáistíocht agus eile a eisiamh,suíodh le linn an fhíorúcháin ar láthair na monarchan go raibh sciar [0–3 %] den phacáistíocht intíre agus onnmhairiúcháin sa mheáchan foriomlán, agus dá bhrí sin, diomaibhseach i gcomparáid le meáchan foriomlán na bpíopaí.

(86) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí na difríochtaí le haghaidh píopaí suas le trastomhas 300 mm a mhíniú ach go páirteach ([21]) leis an argóint gur noirm éagsúla iad ba chúis leis an difríocht maidir le tiús CML is infheidhme san Aontas agus i margadh na hIndia. I gcás píopaí atá níos mó ná 300 mm, níorbh fhéidir norm eile don CML, cineál eile brataithe, nó difríocht i bpacáistíocht iompair a dhlisteanú ar an difríocht.

(87) Ar bhonn na faisnéise ar comhad a tháinig salach ar gach eilimint de mhíniú an iarratasóra ar na difríochtaí meáchain, ba chosúil gurbh é an t-aon mhíniú amháin a bhí ann gur mhíthuairiscigh an t-iarratasóir ina chóras cuntasaíochta meáchan nó fad an táirge lena mbaineann ar dá thoradh sin a laghdaíodh a chorrlach dumpála. Tríd an méid sin a dhéanamh, chuir an t-iarratasóir faisnéis bhréagach nó faisnéis mhíthreorach ar fáil de réir bhrí Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála, rud a chuir bac suntasach ar an imscrúdú.

3.3. **Tuairimí Rialtas na hIndia maidir le húsáid na bhfíoras atá ar fáil**

(88) Thug Rialtas na hIndia le fios gur ar thionscnamh an Choimisiúin a osclaíodh an t-imscrúdú agus gurb é a thuairim nach raibh gá leis. D'áitigh sé, ós rud é nach raibh aon difríocht ann maidir le glanmheáchan an mhiotail a tuairiscíodh ar an margadh intíre agus ar mhargadh an Aontais, gur cheart glacadh le sonraí ECL. Thug sé dá aire gur bhain ECL lena thuairisciú úsáid as an modheolaíocht chéanna agus a bhí sa chás bunaidh (bunaithe ar ghlanmheáchan an mhiotail) agus gur ghlac an Coimisiún leis an modheolaíocht (chéanna) sin sna himscrúduithe go léir roimhe seo. Dar le Rialtas na hIndia, ós rud é nár athraíodh an mhodheolaíocht agus nár athraigh an chuideachta a bealach chun na sonraí a thuairisciú, nárbh fhéidir neamhaird a thabhairt ar na sonraí/ar an bhfaisnéis a sholáthair ECL.

(89) Rinne GOI trácht freisin ar na torthaí maidir leis na neamhréireachtaí a shainaithin an Coimisiún i litir Airteagal 18 idir glanmheáchan miotail, meáchan an CML agus 'Meáchan Kanta'. Sa chomhthéacs sin, d'áitigh sé go raibh cuspóir agus bunús na dtrí mheáchan éagsúil agus dá bhrí sin nárbh fhéidir iad a úsáid le haghaidh aon anailís chomparáideach.

(90) D'áitigh Rialtas na hIndia go háirithe gur úsáid an tionscal glanmheáchan an mhiotail chun gach críche taifeadta inmheánaigh agus reachtúil. Níor mheas táirgeoir an táirge lena mbaineann ná an Coimisiún gur critéar fíor-riachtanach é an CML go dtí seo chun aon chríche, lena n-áirítear na huimhreacha rialaithe táirgí ('PCNanna') ([22]). Bhí an cur chuige sin, dar leis, i gcomhréir freisin leis an bhfíric nár chuir an chuideachta SG PAM stroighin mar chritéar ábhartha san áireamh go fiú riamh agus saintréithe an táirge á dtabhairt, agus gur ghlac an Coimisiún freisin leis na PCNanna gan stroighin a chur san áireamh mar chritéar ar leith sna himscrúduithe go léir a rinneadh

([21]) [0-10] bpointe céatadáin ar a mhéad i gcás cineálacha áirithe táirgí.

([22]) Cóid alfa-uimhriúla a shanntar ag tús an imscrúdaithe do gach cineál táirge de chuid an táirge lena mbaineann.

go dtí seo. D'áitigh Rialtas na hIndia gur cosúil nárbh inmhianaithe ná nach raibh údar maith le himeacht ón modheolaíocht bhunaithe i bpáirt-athbhreithniú eatramhach. Dá bhrí sin, ní hamháin go mbeadh moladh an Choimisiúin fíorais a bhí ar fáil bunaithe ar an difríocht i meáchan na stroighne a chur i bhfeidhm géar ach ní bheadh údar leis ach oiread maidir le ECL a bhí ag comhoibriú go hiomlán sna himscrúduithe go léir thar na blianta.

(91) Dúirt an GOI freisin go raibh meáchan Kanta san áireamh ní hamháin meáchan na bpíobán lom (glanmheáchan miotail) ach meáchan na stroighne, an bhrataithe inmheánaigh agus sheachtraigh, an ábhair phacála agus nithe eile amhail fáinne spásóra, bealaí, etc. freisin. Ós rud é gur áiríodh meáchain Kanta meáchan ítimí seachas ítimí an táirge lena mbaineann, d'athraigh sé ar bhonn coinsíneacht go coinsíneacht agus dá bhrí sin, níor cheart é a úsáid chun aon ríomh ná anailís a dhéanamh.

(92) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús, mar a mhínítear in aithris (8), gur tionscnaíodh an t-imscrúdú tar éis iarraidh na n-iarratasóirí. Cé go bhféadfadh an iarraidh sin a bheith bunaithe ar phlé neamhfhoirmiúil leis an gCoimisiún maidir le héifeachtaí an chumaisc le SPL, ní athraíonn sé sin gurb é an t-iarratasóir a chinn an t-athbhreithniú a iarraidh.

(93) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire na mínithe ar na haonaid tomhais éagsúla a d'úsáid an tionscal. Dheimhnigh sé, i gcomhréir leis an méid a d'iarr an Coimisiún san imscrúdú seo, agus i gcomhréir leis an modh a úsáideadh sna himscrúduithe roimhe seo, gur thuairiscigh ECL sonraí bunaithe ar ghlanmheáchan an mhiotail. Mar sin féin, chun cruinneas na sonraí arna soláthar a fhíorú bunaithe ar an nglanmheáchan miotail, agus in éagmais faisnéis maidir le meáchan miotail na bpíopaí aonair, dhírigh an Coimisiún, le linn an phróisis fíorúcháin, ar chruinneas na faisnéise a chuir ECL ar fáil a shuí, agus rinne sé cros-seiceáil ar an bhfaisnéis i gcomparáid le haonaid tomhais éagsúla, amhail an t-ollmheáchan agus na méadair. D'fhéach an Coimisiún freisin ar shonraí a tuairiscíodh don mhargadh intíre agus don mhargadh onnmhairiúcháin. Agus cruinneas na faisnéise á chros-seiceáil, chinn an Coimisiún go raibh neamhréireachtaí ann a léiríonn míchruinneas na sonraí a cuireadh isteach bunaithe ar ghlanmheáchan miotail. Dá bhrí sin, ní raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún modheolaíocht dhifriúil a úsáid ná mar a úsáideadh san imscrúdú frithdhumpála bunaidh ach a fhíorú ar thuairiscigh ECL a chuid sonraí i gceart.

(94) Mheas Rialtas na hIndia freisin, ós rud é nárbh ionann na táirgí a dhíoltar ar an margadh intíre agus na táirgí a dhíoltar ar mhargadh an Aontais, gurbh é cleachtas comhsheasmhach an Choimisiúin i gcásanna den sórt sin an gnáthluach a ríomh bunaithe ar chostas táirgthe. Dá bhrí sin, d'áitigh Rialtas na hIndia nach raibh aon tionchar ag difríochtaí idir meáchain na dtáirgí a dhíoltar ar an margadh intíre agus ar mhargadh an Aontais ar an imscrúdú reatha.

(95) Chun teacht ar an gconclúid, mheas Rialtas na hIndia nach raibh údar leis an moladh dul i muinín 'na bhfíoras atá ar fáil', agus gur cheart don Choimisiún glacadh leis an bhfaisnéis a chuir an t-onnmhaireoir comhoibritheach ar fáil agus na cinntí a dhéanamh dá réir sin.

(96) Dheimhnigh an Coimisiún, i gcomhréir leis an modh bunaidh, ós rud é nár díoladh aon táirge inchomparáide go díreach ar mhargadh an Aontais ná ar an margadh onnmhairiúcháin, go raibh sé beartaithe aige an gnáthluach a ríomh bunaithe ar na costais táirgthe. Mar a mhínítear in aithris (72), tá ról ríthábhachtach ag cruinneas mheáchan an mhiotail a thuairiscítear maidir leis an gcorrlach dumpála a chinneadh. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh gá le sonraí cruinne maidir le meáchan freisin i gcás ina raibh an gnáthluach le ríomh. Dá bhrí sin, i gcás go bhfuarthas go raibh na sonraí neamhiontaofa, ní fhéadfaí iad a úsáid a mhéid a bhaineann leis an ngnáthluach a chinneadh.

3.4. **Tuairimí ECL maidir le húsáid 'na bhfíoras atá ar fáil'**

(97) Ina fhreagra ar litir Airteagal 18, mheas ECL go raibh cur i bhfeidhm na bhfíoras a bhí ar fáil gan údar agus nach raibh bunús fíorasach leo toisc go raibh sé bunaithe ar chomparáid idir meáchain táirgí inchomparáide agus go ndearna sé neamhaird ar roinnt athróg. Chomh maith leis sin, mheas sé nach raibh na ríomhanna a rinne an Coimisiún i litir Airteagal 18 cruinn.

3.4.1.1. Bhí sonraí a bhaineann le meáchan bunaithe ar thaifid ECL agus ar chuntais airgeadais iniúchta

(98) D'áitigh ECL go raibh meáchan an mhiotail a tuairiscíodh ceart, agus nár chuir ECL aon sonraí bréagacha nó míthreoracha ar fáil, lena n-áirítear maidir le meáchan an mhiotail. Dar leis, bhí na meáchain go léir a thuairiscigh ECL le linn an imscrúdaithe bunaithe ar chóras SAP na cuideachta agus/nó tugadh faoi deara iad freisin ar shonraisc a eisíodh do chustaiméirí san Aontas agus ar an doiciméadacht onnmhairiúcháin.

(99) Maidir le meáchan an mhiotail, d'áitigh ECL go raibh na sonraí bunaithe ar chóras SAP de chuid ECL, agus d'fhíoraigh an Coimisiún a chruinneas le linn an fhíoraithe ar an láthair. Bhí na sonraí bunaithe ar tháirgeadh agus ar thomhaltas an mhiotail, agus mheaitseáil sé tuarascáil bhliantúil ECL agus stocmhéid an mhiotail a taifeadadh in SAP, iad go léir fíoraithe ag an gCoimisiún. D'áitigh sé freisin go raibh meáchan an mhiotail luaite freisin sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an liosta pacála onnmhairiúcháin (mar aon leis an nglanmheáchan agus an t-ollmheáchan), agus go raibh na meáchain sin ag freagairt do mheáchain a thuairiscigh ECL i bhfreagra an cheistneora.

(100) D'áitigh ECL freisin go ndearna iniúchóirí seachtracha iniúchadh ar shonraí SAP gach ráithe, agus mar a d'fhíoraigh an Coimisiún, réitigh siad le cuntais bhliantúla na cuideachta. Bhí na sonraisc agus an doiciméadacht onnmhairiúcháin a eisíodh san am a chuaigh thart (le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe) do chustaiméirí comhlachaithe agus neamhcomhlachaithe mar bhonn le dearbhuithe custaim, le hiompar na n-earraí, agus le ceanglais chomhlíontachta rialála eile agus gineadh go huathoibríoch iad ag SAP bunaithe ar shonraí iarbhír an droichid mheáite a bhí á gcur sa chóras ag an monarcha ag na scórtha fostaithe ECL. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh aon amhras a bheith ann maidir le barántúlacht agus cruinneas SAP agus na sonraisc i dtuairim ECL.

(101) D'áitigh ECL freisin go raibh na meáchain éagsúla a thaifead sé agus a thuairiscigh sé don Choimisiún ag freagairt do shonraí onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha. D'áitigh sé go raibh glanmheáchan miotail agus meáchan CML na gcineálacha éagsúla táirgí nuair a onnmhairítear chuig tríú tíortha iad inchomparáide leis na cineálacha táirgí céanna nuair a onnmhairítear chuig an Aontas iad.

(102) Ina theannta sin, d'áitigh ECL go ndearna údaráis caighdeán idirnáisiúnta iniúchadh agus cigireacht ar an gcuideachta agus gur rialaigh siad cruinneas a taifead. Chuir ECL isteach go háirithe tuarascáil chigireachta a d'eisigh cuideachta cigireachta neamhspleách a choimisiúnaigh custaiméir tríú tír de chuid ECL. Luadh meánmheáchan na bpíopaí sa tuarascáil agus cruthaíodh i dtuairim ECL go raibh meáchan na gcineálacha táirgí in aghaidh an mhéadair a dhíoltar ar mhargadh an Aontais cosúil leis an meáchan CML a thuairiscigh ECL nó gar dó, agus léiríodh freisin go raibh éagsúlacht sa tiús líneála stroighne.

(103) Mheabhraigh ECL gur rialaigh sé agus gur dhírigh sé ar an meáchan miotail toisc gurbh é an miotal an príomhspreagthóir costais, agus go ndearnadh faireachán leanúnach air le linn an phróisis táirgthe ach nach raibh ach thart ar [0–3 %] den chostas iomlán sa CML. Rinneadh seiceáil ar mheáchan Kanta agus ar mheáchan an CML agus ar an meáchan ábhartha sin go príomha chun críocha costais iompair a ríomh.

(104) Dá bhrí sin, d'áitigh ECL, ag brath ar chleachtas cuideachta, gur féidir meáchan na bpíopaí a shloinneadh ar bhonn an ghlanmhiotail nó ar bhonn mheáchan an CML, rud a dheimhnigh SG PAM ina chuid barúlacha freisin. Díorthaíodh an miotal ainmniúil agus meáchan an CML de réir na gcaighdeán faoi seach as sin. Ba mheáchan é an meáchan ainmniúil a bheadh mar aidhm ag táirgeoir, ach de réir ECL níorbh é sin an caighdeán do-athraithe. Dá bhrí sin, i dtuairim ECL, ceadaíodh luachanna agus cóimheasa stroighne níos airde agus ba ann dóibh go hiondúil.

(105) Thug an Coimisiún dá aire mínithe éagsúla an iarratasóra maidir leis an meáchan éagsúil, agus an fíoras go raibh na sonraí a thuairiscigh sé bunaithe ar a chóras SAP, go raibh sé faoi réir iniúchadh ag iniúchóirí seachtracha chun a chuntais airgeadais a fhormheas, agus go raibh sé faoi réir cigireachta lena fháil amach an bhfuil a tháirgí i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta éagsúla. D'aontaigh an Coimisiún freisin go bhféadfadh sé tomhaltas foriomlán an ghlanmhiotail a thuairiscigh ECL le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a fhíorú agus a nascadh le córas SAP, agus lena chuntais bhliantúla.

(106) Mar sin féin, ba athróga iad paraiméadair amhail meáchan an mhiotail, na stroighne nó méadair de phíopaí aonair le haghaidh na dtáirgí agus na margaí éagsúla agus an chaoi ar leithdháileadh idir na táirgí iad a chuir an chuideachta isteach sa chóras.

(107) Ar an gcéad dul síos, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir ECL ar fáil, thug an Coimisiún dá aire nár taifeadadh meáchan na bpíopaí aonair go córasach, contrártha don mhéid a mhaígh ECL.

(108) Thug an Coimisiún dá aire go raibh glanmheáchan an mhiotail a tuairiscíodh le haghaidh na gcineálacha céanna táirgí gar go ginearálta don mheáchan ainmniúil, rud nár thacaigh, i dtuairim an Choimisiúin, le hargóint ECL go raibh sé á choigeartú bunaithe ar an meáchan iarbhír. Fuarthas amach freisin gur tuairiscíodh glanmheáchain mhiotail chomhchosúla le haghaidh orduithe éagsúla. Ba cheart go mbeadh glanmheáchan an mhiotail difriúil in aghaidh an ordaithe mar thoradh ar ghlanmheáchan an mhiotail iarbhír a úsáid do gach ordú, rud nach raibh amhlaidh.

(109) I ndáiríre, ní raibh glanmheáchan an mhiotail cothrom leis an nglanmheáchan ainmniúil i gcónaí, rud ba léir ó thuarascálacha cigireachta ó chuideachta chigireachta neamhspleách a chuir ECL isteach chun a léiriú go raibh éagsúlachtaí i dtiús an CML. Léirigh an doiciméad céanna go soiléir gur sháraigh an glanmheáchan miotail níos mó ná [0–10 %] i gcás na bpíopaí a tástáladh. Léirigh sé sin freisin i dtuairim an Choimisiúin nach dócha gur léirigh glanmheáchan an mhiotail a thuairiscigh ECL fírinne an scéil.

(110) Ar an dara dul síos, rinne an chuideachta paraiméadair eile, cuir i gcás PCNanna an Choimisiúin, chun tuarascálacha a ullmhú tráth ar bith agus fiú lasmuigh den tréimhse imscrúdúcháin.

(111) Dá bhrí sin, thug an Coimisiún dá aire, cé go gcomhfhreagraíonn tomhaltas iomlán an mhiotail do chuntais bhliantúla, go raibh príomhpharaiméadair áirithe le haghaidh idirbhearta táirgeachta agus díolacháin aonair amhail meáchan in aghaidh an mhéadair bunaithe go heisiach ar an ionchur in SAP ag ECL, agus nach bhféadfaí cruinneas na faisnéise sin ar leibhéal an idirbhirt aonair a fhíorú ná a chros-seiceáil trí thagairt do dhoiciméid tacaíochta agus d'fhianaise inmheánach nó sheachtrach eile. Chomhthacaigh na himthosca sin leis na torthaí nach raibh na sonraí a tuairiscíodh ar leibhéal an idirbhirt aonair ceart. Dá bhrí sin, níor aontaigh an Coimisiún gurb é amháin a bhí sa chás ina raibh sonraí for iomlána ag teacht le córas SAP an fhianaise chinntitheach go raibh na sonraí ar leibhéal na n-idirbheart aonair i gceart go huathoibríoch.

(112) Thug an Coimisiún dá aire freisin, de réir ECL, nach raibh na sonraí maidir le glanmheáchan an mhiotail le feiceáil ach ar dhoiciméid phacála lena n-onnmhairiú cé go líomhnaítear nach raibh aon liosta pacála ann don mhargadh intíre. Níorbh fhéidir na sonraí a fhíorú ar an dá thaobh dá bhrí sin. Ina theannta sin, mar a thug an Coimisiún dá aire, níorbh fhéidir leis an iompróir (ná leis an gcustaiméir) an fhaisnéis maidir le glanmheáchan an mhiotail ar an doiciméadacht onnmhairiúcháin a fhíorú ós rud é go raibh an CML agus an bratú san áireamh sa phíopa a iompraíodh, agus cinneadh an t-iompar bunaithe ar an (ollmheáchan) iomlán. An tráth céanna, sna horduithe agus sna sonraisc don chustaiméir luadh méadar. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir le tríú páirtí an fhaisnéis maidir le glanmheáchan an mhiotail a fhíorú. Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún go raibh fianaise bhreise ann go raibh an fhaisnéis ceart toisc go raibh glanmheáchan an mhiotail le feiceáil ar na doiciméid iompair.

(113) I ndiaidh mhodheolaíocht an imscrúdaithe frithdhumpála bunaidh, thuairiscigh ECL glanmheáchan an mhiotail ar dtús le haghaidh gach idirbhirt dá dhíolacháin ar an margadh intíre agus ar mhargadh an Aontais. Murab ionann agus na sonraisc do mhargadh an Aontais, níor luadh glanmheáchan an mhiotail ar na sonraisc díolacháin intíre. Agus, ós rud é nach raibh sé le feiceáil freisin, mar shampla, ar dhoiciméid iompair intíre nó ar liostaí pacála, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún cruinneas ghlanmheáchain an mhiotail a fhíorú.

(114) Níor aimsíodh an neamhréireacht den chéad uair ach amháin tar éis don Choimisiún an fhaisnéis a fháil a chuir ar a chumas meáchan Kanta ar an margadh intíre a chur i gcomparáid le meáchan an CML ar mhargadh an Aontais.

(115) Thug an Coimisiún dá aire freisin go ndéanfadh ECL (mar aon le táirgeoirí eile) dlúthfhaireachán ar thomhaltas meáchain an mhiotail go ginearálta. Thug sé faoi deara freisin na mínithe maidir le glanmheáchan an mhiotail, an meáchan ainmniúil, agus an fhírinne nach caighdeán beacht a bhí ann, agus go raibh luachanna agus cóimheasa stroighne níos airde ceadaithe agus gurbh ann dóibh go hiondúil. Níor cheadaigh na mínithe sin, áfach, i dtuairim an Choimisiúin, teacht ar an gconclúid gur thuairiscigh ECL glanmheáchan an mhiotail ar bhealach cruinn. Go háirithe, níor tugadh aghaidh sna mínithe a thug ECL, i dtuairim an Choimisiúin, ar an gcúis ar tuairiscíodh go comhsheasmhach go raibh táirgí níos troime ó thaobh díolacháin onnmhairí de, i gcomparáid leis na táirgí atá beagnach comhionann agus a dhíoltar ar an margadh intíre, agus is cinnte nár tugadh aghaidh orthu i gcás táirgí ar ina leith a cuireadh an norm céanna ar thiús na líneála stroighne.

3.4.1.2. Neamhréireachtaí líomhnaithe a shainaithnítear i litir Airteagal 18

(116) D'áitigh ECL freisin nach raibh na ríomhanna i litir Airteagal 18 ceart toisc go ndearnadh neamhaird ar mheascán na dtáirgí agus ar na caighdeáin éagsúla píopaí is infheidhme san Aontas agus sna margaí intíre nuair a ríomhadh an difríocht [5–15 %]. Ní bheadh an chomparáid ceart ach amháin dá ndíolfaí táirgí comhionanna sna cionmhaireachtaí céanna ar an dá mhargadh. De réir a thuairime, bhí an difríocht ag brath go príomha ar an difríocht idir caighdeáin na hIndia agus an Aontais maidir le tiús na líneála stroighne. Ní fhéadfadh na difríochtaí a bheith mar bhunús chun glacadh leis go raibh sonraí ECL bréagach nó míthreorach.

(117) Mar a thug an Coimisiún dá aire cheana féin ii Roinn 3.2.2, chuir sé san áireamh go raibh an chomparáid a rinne sé bunaithe ar onnmhairiú iomlán agus ar dhíolacháin intíre iomlána bunaithe ar an meascán táirgí éagsúla, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an toradh. Rinne sé an chomparáid sin, áfach, chun a léiriú go raibh difríocht chórasach sa mheáchan in aghaidh an mhéadair de tháirgí a dhíoltar ar an margadh onnmhairiúcháin i gcomparáid leis an margadh intíre, sular chúngaigh sé go dtí comparáid idir cineálacha táirgí atá beagnach comhionann (rud a dheimhnigh go raibh an difríocht ann chomh maith le cineálacha atá beagnach mar an gcéanna). Thug an Coimisiún dá aire an tráth céanna, cé is moite de mhaíomh ginearálta go raibh níos mó stroighne sna píopaí a bhí níos tanaí agus a díoladh ar an margadh onnmhairiúcháin den chuid is mó, níor chuir ECL tuilleadh fianaise ar fáil maidir le cén fáth a raibh na cineálacha píopaí a díoladh ar an margadh onnmhairiúcháin níos troime go córasach ná na cineálacha píopaí a díoladh ar an margadh intíre. Níor bhain na mínithe maidir leis an difríocht i noirm líneála stroighne ar tháirgí éagsúla ach amháin leis na píopaí sin a bhfuil trastomhas íseal acu (faoi bhun 300 mm), agus dá bhrí sin, ní raibh sé bailí do na cineálacha táirgí eile go léir a chuir an Coimisiún i gcomparáid le chéile agus i gcás ina raibh na noirm i dtéarmaí an CML comhionann.

(118) Ina theannta sin, i dtuairim an ECL, ba é conclúid an Choimisiúin go raibh sé mícheart go raibh an CML comhionann idir táirgí atá beagnach comhionann agus a díoladh ar an Aontas agus ar an margadh intíre, agus ba cheart an difríocht i dtiús na dtáirgí intíre a chur san áireamh. Ríomh sé gurbh é a bhí sna difríochtaí meáchain idir táirgí atá beagnach comhionann [0–5 %] seachas [5–15 %] arna ríomh ag an gCoimisiún. D'athdhearbhaigh sé go raibh tiús an CML comhchosúil ach amháin maidir le trastomhais os cionn 300 mm, ach níor bhain sé le píopaí ar trastomhas idir 80 agus 300 mm. Go háirithe, i gcás píopaí a bhfuil trastomhas idir 80 agus 300 mm acu, faoi EN 545:2006 arbh é an caighdeán K-aicme do phíopaí a onnmhairíodh chuig an Aontas é, b'éigean tiús ainmniúil na líneála stroighne a bheith 4 mm. I gcodarsnacht leis sin, de réir IS 8329 a bhí mar an caighdeán do phíopaí K-aicme do mhargadh na hIndia, ba é 3 mm tiús ainmniúil an CML. Chuir ECL in iúl dá bhrí sin gur ghá ríomhanna an Choimisiúin a choigeartú de réir na difríochta sa líneáil stroighne idir an margadh intíre agus an margadh onnmhairithe agus i gcás trastomhais idir 80 agus 300 mm, ba é [25–35 %] an difríocht sin.

(119) Níor aontaigh ECL ach an oiread gur léirigh a chóid táirgí inmheánacha na sonraíochtaí táirgí. D'áitigh sé gur gabhadh le cóid táirgí inmheánacha ECL trastomhas agus aicme an phíobáin agus na heilimintí a bhaineann le meáchan an mhiotail, ach ní leis na hathraithigh iolracha lena n-áirítear na caighdeáin, an bratú since, CML, an dath, etc. Luadh na hathraithigh sin in ord SAP agus sa doiciméad darb ainm 'scaoileadh lóid táirgthe' a bhí mar bhonn leis an táirgeadh agus na díolacháin inar léiríodh an caighdeán ábhartha ([23]). Dá bhrí sin, níorbh fhéidir le ECL píopaí K-aicme a dhíol bunaithe ar chaighdeáin na hIndia ar mhargadh an Aontais. Ina theannta sin, luadh an caighdeán in iarscríbhinní na sonrasc do dhíolacháin an Aontais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir toimhde/tuiscint an Choimisiúin a bheith ceart go fíorasach.

(120) D'áitigh ECL freisin gur cheart don Choimisiún a chur san áireamh go raibh bratú since níos troime ó thaobh an onnmhairithe de agus go bhféadfadh difríochtaí a bheith ann idir calabrú an droichid mheáchain a úsáidtear le haghaidh trucailí lena n-onnmhairiú agus droichid mheáchain a úsáidtear le haghaidh díolacháin intíre.

(121) I dtuairim ECL, ní raibh sna cineálacha táirgí inchomparáide a shainaithnítear i litir Airteagal 18 ach [0–5 %] den onnmhairiú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann brath ar chomparáid den sórt sin. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an fhaisnéis go léir a dhiúltú, go háirithe nuair a chuir páirtí faisnéis isteach in am trátha, nuair a bhí an fhaisnéis infhíoraithe, agus nuair a rinne an páirtí a dhícheall. De réir ECL, le ríomh neamhbheacht agus go follasach mícheart ar an meáchan, níor soláthraíodh bonn oibiachtúil chun na fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm maidir le meáchan an mhiotail a tuairiscíodh, agus ní raibh sonraí iomlána mheáchan miotail ECL inúsáidte nó neamhiontaofa dá bharr.

([23]) De réir ECL, is doiciméad é an scaoileadh ualach táirgthe ina leagtar amach an méid táirgeachta agus na sonraí ar dá réir a dhéantar an táirgeadh.

(122) Rinne an Coimisiún anailís nua ar an bhfaisnéis nua a cuireadh isteach, agus ar na hargóintí a chuir ECL i láthair.

(123) Rinne sé athríomh ar an difríocht idir an t-ollmheáchan tuairiscithe don mhargadh intíre agus onnmhairiúcháin bunaithe ar an meán ualaithe, mar a mhol ECL. Bhí an difríocht idir an t-ollmheáchan idir an margadh intíre agus an margadh onnmhairiúcháin fós suntasach ([5–15 %]). Ina theannta sin, bhí sé fós chomh hard [10–20 %] le haghaidh cineálacha áirithe táirgí. Níorbh fhéidir leis an iarratasóir an difríocht sin a mhíniú.

(124) Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris (82), bhí cineálacha áirithe ann nár mhór a tháirgeadh le LML níos ísle, i dtuairim an Choimisiúin, an fhaisnéis a fuarthas le linn an fhíorúcháin ar an láthair. Ina theannta sin, i gcatalóg ECL don mhargadh intíre, taispeánadh go raibh tiús na bpíopaí le trastomhais níos ísle ná 300 mm 3,5 mm. Dá bhrí sin, tháirg ECL na trastomhais seo de réir na catalóige le tiús 3,5 mm, agus ní 3 mm mar a d'áitigh sé. Mar gheall ar an lamháltas a cheadaítear i dtiús ar an dá mhargadh, chomhlíonfadh na píopaí idir 3,5 mm agus 4 mm noirm ar an dá mhargadh.

(125) Mar sin féin, rinne an Coimisiún comparáid nua tríd an difríocht líomhnaithe sa CML a chur leis, chomh maith leis an difríocht sa bhrat since arna thíolacadh ag ECL. Fiú agus coigeartú á dhéanamh do na difríochtaí sin, bhí an difríocht idir an t-ollmheáchan idir an margadh intíre agus an margadh onnmhairiúcháin fós suntasach, i.e. [0–10 %] ar an meán le difríochtaí i gcás cineálacha áirithe táirgí suas le [5–20 %]. Maidir le líneáil stroighne, léirigh an anailís go mbeadh stroighin [30–75 %] níos mó ar an meán i gcás cineálacha áirithe táirgí i gcás roinnt cineálacha táirgí, má ghlactar leis go bhfuil siad tuairiscithe i gceart, agus go mbeadh difríochtaí i gcás cineálacha áirithe táirgí suas le [20–100 %].

(126) Shoiléirigh an Coimisiún a thuilleadh gurb é a bhí sna táirgí nach mór mar an gcéanna (lena n-áirítear na táirgí a ndearna an Coimisiún coigeartú orthu don líneáil a líomhnaítear a bheith níos tibhe), [10–30 %] de na díolacháin leis an Aontas seachas [0–3 %] mar a d'áitigh ECL.

(127) Mar sin féin, mar a mhínítear thuas in aithris (125), tuairiscíodh go raibh na táirgí go léir a onnmhairíodh chuig an Aontas níos troime ar an meán. Maidir leis na táirgí nár díoladh ar an margadh intíre, rinne an Coimisiún comparáid idir na cineálacha a díoladh ar an margadh onnmhairiúcháin agus iad ar an meáchan ainmniúil (teoiriciúil). Chomh maith leis sin, maidir leis na cineálacha sin, bhí an difríocht sa mheáchan cosúil leis an gceann a bhí beagnach comhionann. Bhí toradh na ríomhanna le haghaidh na dtáirgí nár díoladh ar an margadh intíre i gcomhréir leis an gcomparáid a rinneadh do na táirgí a díoladh ar an margadh intíre, agus léirigh sé difríocht meáchain gan mhíniú, go mbeadh píopa leis an CML i bhfad níos tibhe ar thaobh an onnmhairiúcháin (ar an meán [30–75 %] stroighin le difríochtaí suas le [100–150 %]) mar thoradh air.

3.4.1.3. Difríochtaí idir an tiús ainmniúil agus an tiús iarbhír ar an margadh onnmhairiúcháin agus ar an margadh intíre

(128) Rinne an ECL trácht freisin ar ríomhanna a rinne an Coimisiún ar thiús ainmniúil na líneála stroighne agus ar a mheáchan. Chuir sé in iúl nach raibh na ríomhanna ar CML ainmniúil agus ar an meáchan i litir Airteagal 18 i gceart i gcás roinnt trastomhais agus mar gheall ar an gcion taise ba ghá a choigeartú. D'fhan an cion taise sa CML agus, dá bhrí sin, cuireadh leis an meáchan é. Má cuireadh an cion taise san áireamh, líomhnaíodh go raibh an difríocht idir líneáil stroighne tuairiscithe an ECL agus an ECL i bhfad níos ísle.

(129) Ina theannta sin, d'áitigh ECL go raibh an CML le haghaidh píopaí a onnmhairítear chuig an Aontas níos tibhe go ginearálta ná an CML ainmniúil, agus é níos tibhe do phíopaí atá le honnmhairiú chuig tríú tíortha eile, chun diúltú a sheachaint. De réir a thuairime, léiríodh an méid sin freisin sna tuarascálacha cigireachta ó chuideachta chigireachta neamhspleách. Ina theannta sin, chuir ECL isteach mar phíosa fianaise litir mar shaineolaí ó chuideachta chomhlachaithe ECL, ar ionadaí é freisin sna comhlachtaí socraithe caighdeán, ag deimhniú go mbeadh an CML níos tibhe ar an margadh onnmhairiúcháin.

(130) Thug an Coimisiún dá aire go bhféadfadh taise a bheith fágtha sna píopaí a díoladh. Ní bheadh sé sin bailí, áfach, ach amháin i gcás lastais a fhágann an mhonarcha go gairid tar éis píopaí a tháirgeadh. Thug an Coimisiún dá aire gur tháinig laghdú ar an gcion taise go deimhin leis an am ach go mbeadh an leibhéal taise cobhsaí tar éis trí lá. Chomh maith leis sin, níor chuir ECL fianaise isteach ná níor chainníochtaigh sé conas a chuaigh an cion taise i bhfeidhm ar mheáchan an CML agus ar mheáchan iomlán an phíopa. Bhí na conclúidí sin teoiriciúil, dar leis an gCoimisiún, toisc nárbh fhéidir le ECL an t-am beacht dul in éag a shuí idir an tráth a táirgeadh na táirgí agus an tráth a onnmhairíodh na táirgí.

(131) Thug an Coimisiún dá aire freisin i ndáil leis an méid sin go raibh an meánathrú ualaithe, tuairim is [0–3 %], nuair a chuir sé meáchan ainmniúil (teoiriciúil) CML i gcomparáid leis an meáchan CML a tuairiscíodh, i gcás an mhargaidh intíre. Maidir leis an margadh onnmhairiúcháin, bhí an éagsúlacht i bhfad níos airde. Ar an meán, bhí an difríocht [0–10 %], suas go dtí [15–30 %] i gcásanna áirithe. Léirigh sé sin freisin, i dtuairim an Choimisiúin, nach raibh na sonraí maidir leis an meáchan mar a thuairiscigh ECL iad i gceart.

(132) Ina theannta sin, léiríodh sa tuarascáil ó chuideachta chigireachta neamhspleách gur féidir éagsúlachtaí a bheith ann i dtéarmaí thiús na líneála stroighne (agus, dá bhrí sin, an mheáchain). Mar sin féin, léirigh sé an tráth céanna go raibh éagsúlachtaí den chineál céanna ann i gcás an ghlanmheáchan miotail a tuairiscigh ECL go comhsheasmhach go raibh sé an-ghar don mheáchan ainmniúil (teoiriciúil). In aon chás, níor míníodh sa tuarascáil cén fáth nach raibh na dialltaí ón meáchan ainmniúil le feiceáil ach ar thaobh an mhargaidh onnmhairiúcháin, agus cén fáth a mbeidís gar don luach ainmniúil ar an margadh intíre.

(133) Maidir leis an maíomh ginearálta go mbeadh píopaí le haghaidh onnmhairiú níos tibhe ná na píopaí a tháirg ECL don mhargadh intíre, d'athdhearbhaigh an Coimisiún nár luadh an fhaisnéis sin riamh le linn an fhíoraithe ar an láthair. A mhalairt ar fad, thug sé faoi deara go mbeadh an CML den chineál céanna i gcónaí ag píopaí de na trastomhais chéanna. Ina theannta sin, dar leis, níor deimhníodh le litir an tsaineolaí ó chuideachta chomhlachaithe ECL nach mór CML níos tibhe a bheith ag píopaí do mhargadh an Aontais go ginearálta. Níor tugadh sa litir achoimre ach amháin ar na noirm éagsúla, agus dheimhníodh gurb é an caighdeán is gá le trastomhais faoi bhun 300 mm ná 4 mm CML. Cé gur luadh ann go raibh ceanglas níos déine ann de réir norm an Aontais maidir le scoilteanna moirtéil stroighne, níor thug sé sin údar leis sin, dar leis an gCoimisiún, go nár mhór an LML a bheith níos tibhe ná mar a leagadh síos i norm an Aontais. Chomh maith leis sin, níor soláthraíodh aon fhianaise ar an taifead go mbeadh níos lú scoilteanna ann mar thoradh ar an CML níos tibhe a chur ar fáil. De réir bhróisiúr ECL maidir le táirgí, is rud dosheachanta é cruthú scoilteanna, mar shampla, beag beann ar an tiús. Tá na scoilteanna, mar aon le scoilteanna aonair eile, a d'fhéadfadh tarlú le linn iompair, inghlactha agus leigheasfaidh na scoilteanna sin nuair a thagann an píopa i dteagmháil le huisce le linn a úsáide.

3.4.1.4. Ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le fíorais atá ar fáil a úsáid

(134) Mhaígh ECL gur cheart cur i bhfeidhm na bhfíoras atá ar fáil a bheith comhsheasmhach leis an gcaighdeán dlí a leagtar síos le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán frithdhumpála, ar gá é a chur i bhfeidhm i bhfianaise An Chomhaontaithe Frithdhumpála EDT ('ADA'). D'áitigh ECL gur cheart úsáid na bhfíoras atá ar fáil a theorannú chun bearnaí san fhaisnéis is gá a líonadh. Ba cheart é a theorannú freisin do theacht in ionad na 'faisnéise riachtanaí' atá in easnamh go réasúnta, chun teacht ar chinneadh beacht. Thairis sin, níor cheart na fíorais atá ar fáil a úsáid ar bhealach pionósach, agus ní mór na fíorais go léir a bhfuil bunús leo a chuir páirtí leasmhar ar fáil a chur san áireamh, fiú más rud é go bhféadfadh sé nach féidir na fíorais sin a úsáid chun an fhaisnéis iomlán a iarradh a chur ar fáil.

(135) Mhaígh ECL go raibh ar na húdaráis imscrúdúcháin a ndícheall a dhéanamh an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na sonraí a chuir na páirtithe in iúl dóibh. De bhun Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán, fiú mura raibh an fhaisnéis a thíolaic páirtí leasmhar oiriúnach ar gach bealach, níor cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt uirthi, ar choinníoll nach raibh na heasnaimh sin ina gcúis le deacracht mhíchuí a chruthú maidir le teacht ar thoradh a bhí réasúnta cruinn agus gur cuireadh an fhaisnéis isteach go hiomchuí in am trátha agus gur féidir í a fhíorú, agus go ndearna an páirtí a dhícheall.

(136) Mheas an Coimisiún, bunaithe ar na hargóintí thuas, nach bhféadfadh sé a mheas go raibh torthaí réasúnta beachta ann mar thoradh ar shonraí ECL. Os a choinne sin, léirigh an fhaisnéis agus na neamhréireachtaí éagsúla sna sonraí nár tuairiscíodh i gceart í. Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur léirigh roinnt píosaí fianaise gur cuireadh na sonraí i láthair ar bhealach chun an glanmheáchan miotail ar an margadh onnmhairiúcháin a mheas faoina luach, chun toradh níos fabhraí a léiriú don iarratasóir. Toisc gur cuireadh an fhaisnéis ar fáil in am trátha agus gan mhoill, níor measadh sin a bheith ábhartha chun easnaimh thromchúiseacha eile a fhuascailt.

3.4.1.5. Úsáid mhalartach sonraí

(137) D'áitigh ECL, dá mbeadh amhras ar an gCoimisiún maidir le hiontaofacht mheáchan an mhiotail a thuairiscigh ECL (nach n-aontaíonn ECL leis sin), gur cheart dó, mar sin féin, na sonraí díolacháin intíre agus sonraí díolacháin an Aontais a thuairiscítear i dtéarmaí mheáchain an CML (bunaithe ar mheáchain Kanta arna gcoigeartú go hiomchuí) nó méadair a úsáid. D'áitigh sé go raibh na sonraí i meáchain agus méadair an CML tráthúil agus curtha isteach go hiomchuí ar bhonn a bhain go sainiúil le hidirbhearta, agus gur fhíoraigh an Coimisiún é freisin, agus dá bhrí sin go bhféadfaí é a úsáid gan deacrachtaí míchuí.

(138) Mheas ECL gur chomhoibrigh sé go hiomlán chomh fada agus is féidir leis an gCoimisiún. Ó 2014 i leith, bhí sé faoi réir imscrúduithe iomadúla, agus i ngach imscrúdú, chuir sé an fhaisnéis go léir ar fáil go tráthúil agus chomhoibrigh sé ar an mbealach ab fhearr ab fhéidir leis. Níor aimsigh an Coimisiún aon fhadhb le sonraí ECL riamh.

(139) Maidir leis an imscrúdú atá idir lámha, chuir ECL an Coimisiún ar an eolas maidir leis an gcumasc ECL-SPL, atá ar feitheamh, de mheon trédhearcachta agus nochtadh iomlán chun aon líomhaintí a sheachaint nár chuir ECL faisnéis iomlán ar fáil. De réir ECL, áfach, ní raibh gá leis an athbhreithniú eatramhach sin.

(140) Mar a mhínítear thuas in aithrisí (74) go (136), ní fhéadfadh an Coimisiún brath ar fhaisnéis maidir le glanmheáchan an mhiotail a thuairiscigh ECL. Mar thoradh ar an tuairisciú mícheart ar na meáchain ar fud na faisnéise a cuireadh isteach, ní fhéadfaí na sonraí a úsáid ná a cheartú. Go háirithe, ní raibh an Coimisiún in ann a shuí cén fhaisnéis a bhí ceart agus, dá bhrí sin, cén fhaisnéis a bhféadfaí í a úsáid mar bhonn le haghaidh ceartaithe nó coigeartaithe.

(141) Maidir leis an ollmheáchan miotail, léirigh an fhaisnéis ([24]) a chuir ECL isteach gur sháraigh meáchan CML le haghaidh díolacháin intíre [0–10 %] meáchan iomlán Kanta, lena n-áirítear an pacáistíocht ina theannta sin. Níor tugadh aon mhíniú inchreidte ar an difríocht, rud a chuireann in amhras inchreidteacht an ollmheáchain a tuairiscíodh ar an margadh intíre.

(142) Bhí an difríocht a shuigh an Coimisiún nasctha le dhá pharaiméadar — glanmheáchan/ollmheáchan miotail, agus fad. Ba é ba chúis leis na neamhréireachtaí a fuair sé ná míthuairisciú ar cheann amháin den dá pharaiméadar sin ar a laghad. D'fhéadfaí gurbh é míthuairisciú an mheáchain freisin ba chúis le míthuairisc a thabhairt ar an bhfad a onnmhairíodh, toisc go sloinntear an meáchan mar kg in aghaidh an mhéadair. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur thuairiscigh ECL an fad i gceart.

(143) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí ríomhanna malartacha a dhéanamh bunaithe ar an aonad tomhais éagsúil, agus ina theannta sin, nach bhféadfaí an fhaisnéis sin a thíolacadh tar éis an phróisis fíoraithe a fhíorú.

(144) Ina theannta sin, ní ráthaítear leis an bhfíoras gur chomhoibrigh ECL i roinnt imscrúduithe ó 2014 agus gur glacadh le sonraí ECL i gcónaí go bhfuil na sonraí a cuireadh isteach san imscrúdú reatha iontaofa go huathoibríoch.

(145) Maidir leis an argóint nach raibh gá leis an bpáirt-athbhreithniú eatramhach atá ann faoi láthair, tagraíonn an Coimisiún do na mínithe dá bhforáiltear i Roinn 1.2 agus i Roinn 3.1 thuas. Rinne an cumasc ECL-SPL difear do shonraí díolacháin agus costais a bhí ábhartha chun an corrlach dumpála a ríomh agus ba athrú é ar bhonn buan. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur chomhlíon cumasc ECL-SPL coinníollacha dlíthiúla Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála.

3.4.1.6. Modh chun na fíorais atá ar fáil a chur i bhfeidhm

(146) Rinne ECL gearán freisin faoi mhodh chur i bhfeidhm na bhfíoras atá ar fáil. Rinne sé achoimre ar chéimeanna agus ar dhátaí na n-iarrataí éagsúla a rinne an Coimisiún, agus chuir sé in iúl nach bhfuair sé litir Airteagal 18 go dtí an 11 Iúil 2023. Mheas sé freisin nár cuireadh ar an eolas é 'láithreach' (de réir bhrí mhír 6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le ADA) maidir leis na cúiseanna a d'fhéadfadh a shonraí meáchain miotail a dhiúltú agus nár tugadh an deis dó mínithe breise a chur i láthair le linn an phróisis fíoraithe. Mheas sé freisin nach raibh go leor ama aige chun barúil a thabhairt ar thorthaí Airteagal 18 agus nár leor an síneadh 3 lá chun barúlacha a thabhairt.

([24]) Cuireadh meáchan an CML le haghaidh díolacháin intíre ar fáil tar éis anailís a dhéanamh ar an difríocht meáchain a rinne an Coimisiún.

(147) Mheas an Coimisiún gur pléadh sonraí a bhain le meáchan a chinneadh go forleathan le linn na cuairte fíorúcháin, áit ar bhailigh an Coimisiún cuid mhaith fianaise. Go deimhin, ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ach amháin tar éis na cuairte fíorúcháin ar an láthair ar an táirgeoir onnmhairiúcháin, nuair a fuair sé an tacar iomlán sonraí ón ECL maidir leis na haonaid mhalartacha tomhais, agus chun tromchúis agus tionchar na neamhréireachta a shuí, ós rud é go raibh sonraí bunaithe ar ghlanmheáchan an mhiotail den chuid is mó in aighneacht bhunaidh ECL.

(148) Mheas an Coimisiún freisin gur thug sé go leor ama do ECL chun mínithe a sholáthar, chun sonraí breise a chur isteach, agus chun barúil a thabhairt faoina thorthaí. D'iarr an Coimisiún na mínithe cheana féin an 29 Meitheamh 2023. Ina theannta sin, chuir sé ECL ar an eolas faoina amhras maidir le hiontaofacht na sonraí an 5 Iúil 2023, dáta deiridh an chianfhíorúcháin leis an gcuideachta chomhlachaithe lenar chabhraigh ionadaí an táirgeora onnmhairiúcháin atá bunaithe in Kolkata. Ina dhiaidh sin, agus an síneadh chun an freagra a sholáthar á chur san áireamh, bhí 14 lá ag ECL chun barúil a thabhairt faoi litir Airteagal 18 a seoladh an 10 Iúil 2023. Ina theannta sin, an 26 Iúil 2023, thionóil an Coimisiún éisteacht fhairsing le ECL. Ar deireadh, cuireadh deis bhreise ar fáil chun tuairimí a thabhairt tráth nochta na réamhthorthaí.

3.4.1.7. Conclúid

(149) Agus aird á tabhairt ar an bhfianaise shubstaintiúil a shonraítear thuas i Roinn 3, mheas an Coimisiún gur sholáthair ECL faisnéis mhíthreorach nó bhréagach chun glanmheáchan an mhiotail atá le húsáid chun a chorrlach dumpála a ríomh a mheas faoina luach, chun é a ísliú.

3.5. **Barúlacha a chuirtear isteach tar éis an nochta**

3.5.1. *Barúlacha ó ECL*

(150) Tar éis an nochta, chuir ECL in iúl go raibh cur i bhfeidhm na bhfíoras a bhí ar fáil ag an gCoimisiún bunaithe ar earráid fhollasach sa bhreithmheas ar na fíorais, agus ar thoimhdí agus ar réasúnú asbhainteach in éagmais fianaise fíorasaí.

(151) Chuir ECL ina aghaidh go ndearnadh míthuairisciú d'aon ghnó ar an nglanmheáchan miotail chun an corrlach dumpála a ísliú. Chuir sí i bhfios go láidir nach ndearnadh aon iarracht faisnéis bhréagach, mhícheart ná mhíthreorach a sholáthar, agus go raibh clú ar ECL san India, san Aontas agus sa mhargadh domhanda nach gcuirfeadh sé i mbaol.

(152) D'athdhearbhaigh sí gur fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis a bhaineann le costais agus go ndearna sé í a réiteach le comhardú trialach agus le cuntais na cuideachta. Dá bhrí sin, dar leis, fíoraíodh na costais táirgthe go sásúil.

(153) D'áitigh ECL agus GOI araon go ndearna an Coimisiún ríomhanna earráideacha agus nach n-athródh an corrlach dumpála dá ndéanfaí tearcthuairisciú ar an nglanmheáchan miotail. Chuir siad ríomhanna ar fáil lena léirítear, má rinneadh tearcthuairisciú ar an nglanmheáchan miotail chun an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach araon a chinneadh, nach raibh aon athrú ar an gcorrlach dumpála a d'eascair as sin. Ar an mbonn sin, mheas ECL agus GOI araon nach raibh na ráitis maidir le míthuairisciú ECL chun an corrlach dumpála a laghdú i gceart.

(154) Thagair an Coimisiún do na torthaí a nochtadh do na páirtithe i litir Airteagal 18 agus i Roinn 3.2 thuas. Chuir sé in iúl gur bhain a chuid torthaí leis na sonraí a soláthraíodh chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí. Níor suíodh gur tharla an tearcthuairisciú céanna ar an nglanmheáchan miotail 'earráid' ar an dá thaobh, i.e. ar thaobh an phraghais onnmhairiúcháin agus an ghnáthluacha, agus sa chás sin dhéanfaí an tionchar a fhritháireamh. Os a choinne sin, tríd an nglanmheáchan miotail a thuairisciú ar cheann den dá thaobh den ríomh, dhéanfadh ECL gannmheastachán míchuí ar an gcorrlach dumpála, mar a mhínítear in aithris (39) den doiciméad maidir le nochtadh ginearálta.

(155) Chuir an Coimisiún in iúl mar sin féin go raibh a mheasúnú, agus go háirithe na neamhréireachtaí a aimsíodh idir meáchan iomlán na dtáirgí a díoladh sa tír féin agus na dtáirgí a onnmhairíodh, dírithe ar a léiriú nach bhféadfaí na sonraí a cuireadh isteach a cheartú. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a chinneadh an ndearnadh na neamhréireachtaí a aimsíodh mar thoradh ar thuairisciú mícheart ar an nglanmheáchan miotail, ar an ollmheáchan nó ar fhad na bpíopaí.

3.5.1.1. Easpa oibiachtúlachta agus easpa fianaise, modhanna malartacha chun an corrlach dumpála a shuí

(156) Tar éis an nochta, rinne ECL tagairt do mhodh an Choimisiúin chun teacht ar chonclúid maidir le míchruinneas na sonraí a chuir an chuideachta ar fáil. Thug sé le fios gur bhain an Coimisiún úsáid as meáchan an CML chun an difríocht ó thaobh meáchain de idir na táirgí a dhíoltar ar an margadh onnmhairiúcháin agus ar an margadh intíre a shuíomh. D'áitigh ECL ina chonclúidí maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as sonraí malartacha, gur mheas an Coimisiún go bhféadfadh sé nach raibh an meáchan CML i gceart. Mar gheall ar an gconclúid sin, mheas ECL nach bhféadfadh an Coimisiún meáchan CML a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir le neamhchruinneas an ghlanmheáchain mhiotail. Dá bhrí sin, dar leis, ní raibh aon bhunús ag an gCoimisiún a áitiú go raibh an glanmheáchan miotail a tuairiscíodh mícheart.

